Cuntas Leithreasa 2023

# Vóta 26

# Oideachas

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 26, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023 ar thuarastail agus ar chostais Oifig an Aire Oideachais, do sheirbhísí áirithe atá a riar ag an Oifig, agus chun deontais áirithe a íoc.

Cuirtear toradh an chaiteachais i gcomparáid leis na suimeanna a dheonaigh Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2023, lena n-áirítear an méid a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair don chaiteachas don bhliain.

Tá €70.233 milliún d’fharasbarr dlite le tabhairt suas don Státchiste.

Is cuid den chuntas an ráiteas ar bheartais agus ar phrionsabail chuntasaíochta agus nótaí 1-6.

## Ráiteas ar bheartais agus ar phrionsabail chuntasaíochta

Agus an cuntas á ullmhú, cuireadh i bhfeidhm na beartais agus na prionsabail chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá siad leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadadh an Phlean Náisiúnta Forbartha agus Athchóirithe i gciorclán 22 de 2023.

Measadh na saolta úsáideacha agus na rátaí amuchta a ghabhann leo i gcás móraicmí na sócmhainní doláimhsithe mar seo a leanas:

| *Aicme sócmhainní* | *Saolré úsáideach* | *Ráta amúchta* |
|---|---|---|
| Ceadúnais bhogearraí | 5 bliana | 20% |
| Bogearraí ceannaithe/forbartha | 10 bliana | 10% |

## Ráiteas ar an rialú inmheánach airgeadais

***Freagracht as córas an rialaithe inmheánaigh airgeadais***

I mo cháil mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm a chinntiú go gcoinníonn an Roinn córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais agus go gcuireann sí i bhfeidhm é.

Feidhmítear an fhreagracht seo i bhfianaise na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m'oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Lena chois sin, ní fhéadann córas rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú iomlán a thabhairt go bhfuil na sócmhainní á gcosaint, na bearta á n-údarú agus á dtaifeadadh go cuí, agus go ndéantar aon earráid nó mírialtacht ábhartha a chosc nó go ndéanfaí iad a bhrath go tráthúil. Próiseas leanúnach is ea é córas um rialú inmheánach airgeadais a choimeád agus coimeádtar an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú leanúnach.

***Seirbhísí comhroinnte***

*An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte*

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le riachtanais an chomhaontaithe um bainistiú seirbhísí idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla a sholáthar. Bím ag brath ar litir dhearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go ndéantar na rialuithe cuí a fheidhmiú maidir le seirbhísí comhroinnte a sholáthar sa Roinn seo.

*An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta*

Tá seirbhís chomhroinnte á cur ar fáil ag an Roinn don Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta thar roinnt réimsí gnó agus corparáideacha. Tá muirear barúlach curtha i bhfeidhm faoi nóta 1.1 Glanseirbhísí gaolmhara chun úsáid na sócmhainní agus na gcostas atá inchurtha i leith na seirbhíse comhroinnte a léiriú.

Tá na socruithe mionsonraithe a rialaíonn na seirbhísí comhroinnte seo faoi réir próisis chomhfhorbartha agus doiciméadúcháin leanúnach. Áirítear leis seo meabhráin tuisceana atá i bhfeidhm faoi láthair idir an dá Roinn maidir le roinnt réimsí lena n-áirítear soláthar TFC agus seachadadh seirbhísí comhroinnte don earnáil treasach; pleanáil chaipitil; airgeadas agus rialachas gníomhaireachta; soláthar ; fóin phóca; cosaint leanaí; saoráil faisnéise agus cosaint sonraí; bainistíocht taifead; sláinte agus sábháilteacht; acmhainní daonna, párollaí agus riarachán pinsean.

*An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige*

Is comhlacht faoi choimirce na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige é TUSLA. Tá feidhmeanna faoi alt 10 den Acht Oideachais (Leas) 2000, arna gcomhlíonadh ag TUSLA, agus riar an Chláir Críochnaithe Scoile agus na Scéime Teagmhála Baile, Scoile agus an Phobail, faoi shainchúram an Aire Oideachais le héifeacht ón 1 Eanáir 2021. Tá socruithe na Roinne chun na seirbhísí seo a rialú leagtha amach san Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (Leasú), 2021, agus i gcomhaontuithe arna gcomhaontú idir an dá Roinn agus idir an Roinn Oideachais agus Tusla.

*Seirbhísí Comhroinnte Oideachais*

In 2023, lean an Roinn ar aghaidh ag cur seirbhísí comhroinnte ar fáil don earnáil oideachais.  Áiríodh leis seo feidhmiú céimneach leanúnach seirbhísí comhroinnte párolla chuig boird oideachais agus oiliúna (BOOanna) agus institiúidí ardoideachais agus tús le rolladh amach seirbhísí comhroinnte airgeadais don earnáil BOO agus ionduchtú rúnaithe scoile chuig na seirbhís chomhroinnte párolla na bhfostaithe scoile. Leanadh freisin den iniúchadh ar dheiseanna le haghaidh tuilleadh tionscnamh seirbhíse comhroinnte ar fud na hearnála oideachais agus d’athchóirithe leanúnach ar sholáthar a chur chun cinn trí obair an Chlárbhord um Sholáthar Oideachais agus trí chainteanna leis na haonáin mhaoinithe. Bunaíodh Oifig Bainistíochta Tionscadal freisin in 2022 a dhéanfaidh maoirsiú agus a shocróidh tosaíochtaí don obair ar na mórchláir seirbhísí comhroinnte agus TF.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina gcuimsítear na míreanna seo a leanas.

- Tá freagrachtaí airgeadais sannta ar leibhéal na bainistíochta agus cuntasacht chomhfhreagrach ag gabháil leo
- Tá socruithe tuairiscithe bunaithe ar gach leibhéal ar a bhfuil an fhreagracht sannta as bainistíocht airgeadais
- Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun cliseanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus a chinntiú go ndéantar beart cuí ceartúcháin.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm faoin tslí le mo chuid freagrachtaí as an gcóras inmheánach um rialú airgeadais a chomhlíonadh.
- Tá doiciméadú déanta ar na príomhphróisis ghnó ar fad.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialaithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin ann agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta, agus go háirithe,

- go bhfuil córas cuí buiséadta ann a bhfuil buiséad bliantúil aige a bhíonn faoi athbhreithniú leanúnach ag na hardbhainisteoirí
- go ndéanann na hardbhainisteoirí athbhreithniú rialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a nochtann feidhmiúlacht airgeadais i gcomparáid le réamhaisnéisí.
- go bhfuil córas bainistíochta riosca i bhfeidhm sa Roinn.
- go bhfuil córais ann a fhéachann le slándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil treoirlínte cuí ann maidir le rialú infheistíochtaí caipitil agus disciplín fhoirmiúil um bainistíocht tionscadail.
- go bhféachann an Roinn chuige go bhfuil fócas cuí ar dhea-chleachtas ceannaigh agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha.

***Iniúchadh inmheánach, Iniúchadh ar Chiste Sóisialta na hEorpa agus an Coiste Iniúchóireachta***

Tá feidhm iniúchta inmheánaí ag an Roinn agus pearsanra cuí-oilte ag obair ann agus iad ag feidhmiú de réir cairt scríofa. Cuireann anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn nochta dóibh bonn eolais faoin obair seo, agus is ar an anailís seo a bhunaítear na beartais iniúchóireachta inmheánaí. Is é is cuspóir do na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déanann an tOifigeach Cuntasaíochta agus an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm le cinntiú go ndéantar moltaí a dhéantar i dtuarascálacha iniúchta inmheánaigh a rianú le gur féidir leis an mbainistíochta iad a chur i bhfeidhm.

Is rannóg é Údarás Iniúchóireachta CSE laistigh den Aonad Iniúchta Inmheánaigh AE agus tá sé neamhspleách ó thaobh feidhme. Feidhmíonn sé faoi údarás díreach an Aire Chaiteachais Phoiblí, Sheachadh an Phlean Náisiúnta Forbartha agus Athchóirithe i gcomhréir le téarmaí IR Uimh. 188/2017 agus i gcomhréir lena chairt scríofa féin. Tuairiscíonn sé don Choimisiún Eorpach maidir le seoladh a chláir iniúchóireachta maidir le riachtanais rialála

an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh i dtaca le bainistíocht, rialú agus iniúchadh chistí Chiste Sóisialta na hEorpa in Éirinn.

Toisc go bhfuil Ciste Sóisialta na hEorpa á bhainistiú ag aonad laistigh den Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais agus Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (Vóta 45), tuairiscíonn Údarás Iniúchóireachta CSE do Choiste Iniúchta na Roinne sin de réir a chairte.

***Soláthar***

Féachann an Roinn chuige go bhfuil an fócas cuí ar dhea-chleachtas soláthair agus conraí á mbronnadh agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar gach treoirlíne ábhartha.

Chuir an roinn sonraí 33 conradh neamhiomaíocha ar fáil sa tuairisceán bliantúil maidir le ciorclán 40/2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

*Neamhchomhlíonadh na rialacha soláthair*

Chomhlíon an Roinn na treoirlínte in 2023 ach amháin i gcás 20 conradh (os cionn €25,000), arbh fhiú €5,501,846 iad mar atá leagtha amach thíos.

- Bronnadh deich gconradh arbh fhiú €2,553,350 iad go hearráideach ar son TF agus tacaíocht tionscadail i bhfoirm chomhaontaithe nár chomhlíon an creat.
- Cuireadh síneadh le cúig chonradh dar luach €2,505,020 ar chúiseanna leanúnachais gnó
- Bronnadh trí chonradh dar luach €313,888 tar éis próisis soláthair iomaíocha teoranta ach ba cheart próiseas oscailte tairisceana a bheith ann i gcás na dtrí cinn.
- Bronnadh conradh amháin dar luach €72,072 ar bhonn práinneach nuair a bhí gá le seirbhísí láithreach, go páirteach mar thoradh ar uainiú an tsoláthair ag an Roinn.
- Bronnadh conradh amháin dar luach €57,516 gan próiseas iomaíoch soláthair i gcúinsí ina raibh infhaighteacht an-teoranta soláthraithe.

Tá na 20 conradh thuas san áireamh sa tuairisceán bliantúil 40/2002 dá dtagraítear thuas.

De na conarthaí seo

- Chuaigh deich gcinnn in éag le linn 2023.
- Tá soláthar níos fadtéarmaí ag sé cinn díobh mar a bhfuil socruithe iomaíocha tairisceana nuashonraithe á n-ullmhú, nó tá na socruithe soláthair reatha sceidealaithe le dul faoi athbhreithniú.
- Leanfaidh trí cinn ar aghaidh go dtí an dáta éaga.
- Baineann conradh amháin le ceadúnas atá leabaithe sa chóras oideachais.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn, trína n-aithnítear agus a dtuairiscítear na príomhrioscaí agus na gníomhaíochtaí bainistíochta a chuirtear i gcrích le díriú ar na rioscaí sin agus iad a mhaolú a mhéad is féidir.

Tá clár rioscaí ann a shonraíonn na príomhrioscaí a bhíonn ag na Roinn agus tá siad seo sonraithe, measta agus grádaithe de réir a thábhachtaí atá siad. Síníonn Ceann an Aonaid Ghnó na rioscaí agus tugann an ball den Bhord Bainistíochta atá freagrach as an réimse gnó sin ar aird iad. Tugann an clár

sonraí maidir leis na rialaithe agus na bearta a bhíonn ag teastáil le rioscaí a mhaolú agus úsáidtear an clár, in éineacht le próisis eile ábhartha chun a chinntiú go ndéanfar rioscaí a bhainistiú nó a mhaolú.

Ina theannta sin, tá Coiste Riosca ag an Roinn, a chabhraíonn liomsa agus leis an mBord Bainistíochta a bhfreagrachtaí bainistíochta riosca a chomhlíonadh. Tá roinnt feidhmeanna ag an gcoiste riosca lena n-áirítear

- beartas agus caighdeáin bhainistíochta riosca a shainiú agus a chothabháil chun rioscaí corparáideacha a bhainistiú
- a chinntiú go ndéantar róil agus freagrachtaí as bainistíocht riosca a shainiú agus a chur in iúl go soiléir ar fud na Roinne
- athbhreithniú a dhéanamh ar rioscaí nua a bhfuil rátáil riosca meánach (ómra) nó ard (dearg) acu agus na maolaithe beartaithe
- tuarascálacha tréimhsiúla a chur faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta ag déanamh achoimre ar stádas an chláir bainistíochta riosca agus
- aird a tharraingt ar mhór-réimsí riosca (más ann dóibh).

Leagtar amach i gcreat rialachais na Roinne na nósanna imeachta, na próisis agus na prionsabail rialachais atá mar bhonn agus taca le hobair na Roinne. Athbhreithníodh an Creat Rialachais in 2023 agus tá sé faoi athbhreithniú go leanúnach.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh rialaithe a chur iúl do na daoine sin a bhfuil an fhreagracht orthu bearta ceartaitheacha a dhéanamh; cuirtear seo in iúl go tráthúil do na bainisteoirí freisin, nuair is cuí. Dearbhaím go bhfuil na príomhrioscaí agus na rialuithe bainteacha sonraithe agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na príomhrialuithe sin agus tuairisc a dhéanamh ar aon easnaimh a aithnítear.

***Athbhreithniú ar éifeachtúlacht***

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Roinn le monatóireacht a dhéanamh ar a éifeachtaí atá a bainistíocht riosca agus a nósanna imeachta rialaithe. Is é obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus obair na mbainisteoirí sinsearacha laistigh den Roinn atá freagrach as an creat rialaithe inmheánach airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil atá mar bhonn leis an monatóireacht agus an athbhreithniú a dhéanann an Roinn ar a éifeachtaí atá na córais rialaithe inmheánaigh airgeadais. In 2022, coimisiúnaíodh athbhreithniú ar bheartas agus ar chleachtais bhainistíochta riosca sa Roinn. Fuarthas an tuarascáil deiridh den athbhreithniú in 2024 agus tá plean gníomhaíochta á chur i dtoll a chéile faoi láthair agus na moltaí ceadaithe a mheasúnú agus a chur i bhfeidhm.

***Slándáil TFC***

Tá an Roinn tiomanta go láidir do shlándáil a córais TFC agus tá creat ullmhachta cibearshlándála forbartha aici bunaithe ar chaighdeáin bhonnlíne an Ionaid Náisiúnta Cibearshlándála (NCSC). Oibríonn an tAonad TFC go dlúth freisin leis an bhFoireann Náisiúnta Freagartha ar Theagmhais Slándála Ríomhaireachta (CSIRT), a chuireann cúnamh ar fáil chun rioscaí slándála a bhrath nó a fheabhsú do chórais faisnéise agus ríomhaireachta na Roinne, dá mhaoin fhisiciúil agus do shócmhainní eile na Roinne.

Tacaíonn obair NCSC agus CSIRT le prótacail cibearshlándála na Roinne, a sholáthraíonn luathrabhaidh, foláirimh, fógraí agus scaipeadh faisnéise faoi rioscaí agus teagmhais. Comhlánaítear é sin le saineolas slándála breise arna sholáthar ag eagraíochtaí slándála iomadúla tríú páirtí.

In 2023, bhunaigh an Roinn foireann thiomanta um Shlándáil Faisnéise (InfoSec), ar a raibh baill foirne ón Roinn agus conraitheoirí seachtracha. Déanfaidh an fhoireann seo bainistíocht ar cheisteanna slándála ó lá go lá trí chóras bainistíochta cásanna tiomnaithe agus ag an am céanna déanfar próisis agus beartais slándála nua a athbhreithniú agus a chur i bhfeidhm.

***Saincheisteanna a bhaineann le rialú inmheánach airgeadais***

Níor aithníodh aon laige ar an rialú inmheánach airgeadais sa Roinn in 2023 as ar lean caillteanas is gá a nochtadh sa chuntas leithreasa.

***Rialachas corparáideach earnáil an oideachais***

Tá na haon chomhlacht stáit déag atá faoi choimirce na Roinne Oideachais á maoirsiú ag rannáin bheartais ábhartha laistigh den Roinn, a fhaigheann tacaíocht ó Rannáin ábhartha eile ar fud na Roinne, lena n-áirítear Aonad Rialachais Earnála na Roinne.

Is ar an mBord agus ar Chathaoirleach an Bhoird i dtrácht atá an cúram as comhlíonadh sainordú agus feidhmeanna na gcomhlachtaí coimirce, ar an gcéad dul síos. Is gnách go mbíonn an caidreamh idir an Roinn agus na comhlachtaí atá faoina coimirce bunaithe ar:

- bhunús reachtach an chomhlachta, agus ar
- *An gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016* de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Náisiúnta Forbartha agus Athchóirithe i gcomhar le hiarscríbhinní tacúla an chóid sin.

Le linn 2023, lean an Roinn Oideachais de phróiseas athbhreithnithe foirmiúil a chur i bhfeidhm, an Tuairisceán Dearbhaithe Comhlíonta (CAR) chun cuidiú leis an Roinn a bheith cinnte faoina mhéid a chloíonn a comhlachtaí coimirce laistigh dá raon feidhme le croí-chomhpháirteanna an Chóid Chleachtais. Thug an próiseas athbhreithnithe seo dearbhú freisin a mhéid atá na comhlachtaí coimirce ag comhlíonadh na riachtanas rialachais agus reachtúil atá ag teacht chun cinn.

Úsáidtear an t-ábhar rialachais a bhailítear ó phróiseas an tuairisceáin dearbhaithe freisin chun a chur ar chumas na Roinne breithniú eile a dhéanamh ar chláir oibre chuí rialachais a chuirfear ar fáil sna blianta amach romhainn. Tá sé i gceist go mbeidh an tuairisceán dearbhaithe mar ghné den chlár oibre maoirseachta rialachais in 2024. Oibríonn an Roinn leis na forais atá faoina choimirce i gcónaí le cinntiú go sásaítear na coinníollacha maoirseachta atá leagtha amach sa Chód Cleachtais agus go bhfuil comhaontuithe urrúnta soláthar feidhmíochta nó a gcoibhéis i bhfeidhm maidir le gach comhlacht. Mar is cuí, oibríonn an Roinn lena fhorais choimirce le cinntiú gur aontaíodh agus gur doiciméadaíodh maoluithe am-teoranta nó maoluithe iomlána ó ghnéithe den Chód chun riachtanais ‘comhlíon nó mínigh’ an chóid a shásamh.

Laistigh d’earnáil na mBord Oideachais agus Oiliúna, tá cóid chleachtais earnála i bhfeidhm atá ailínithe leis an gCód Cleachtais agus le creataí sonracha rialála na mbord oideachais agus oiliúna.

Tá ballraíocht ag an Roinn i gcónaí san Fhóram Rialtais do Sheirbhísigh Phoiblí agus do Státseirbhísígh. Is é An Foras Riaracháin a riarann an fóram trína gcuirtear chun cinn dea-rialachas agus trína gcuirtear comhairle thráthúil agus tacaíochtaí eolais ar fáil don Roinn chun an dea-rialachas a bhreisiú agus mar chabhair d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach fhoireann na Roinne.

**Bernie McNally**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Oideachais

24 Meán Fomhair 2024

# Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

# Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 26 Oideachas

### Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 26 Oideachas don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is é mo thuairimse go gcuirtear i láthair go cuí

- sa chuntas leithreasa fáltais agus caiteachas Vóta 26 Oideachas don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

#### *An bonn leis an tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) arna gcur i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar Theaghlachas an Uachtaráin agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur le mo thuairim.

### Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

#### *Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair*

Nocht an tOifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais go raibh cásanna ábhartha neamhchomhlíontachta leis na rialacha soláthair i leith roinnt conarthaí a bhí i bhfeidhm in 2023.

#### *Díscríobhanna párolla agus ró-íocaíochtaí*

Baineann Nóta 5.6 an chuntais leithreasa leis an bpárolla agus le ró-íocaíochtaí pinsin. Foilsítear ann, gur sainaithníodh gurbh iad ró-íocaíochtaí ba chúis le suim aisghafa €7.8 milliún ag deireadh 2023. Ag deireadh na bliana, bhí socrúcháin aisíocaíochta i bhfeidhm leis an bhfoireann agus leis na pinsinéirí bainteacha maidir le ró-íocaíochtaí ar luach €2.2 milliún (28%). Ar leithligh, foilsítear i nóta 6.6 an chuntais leithreasa gur dhíscríobh an Roinn ró-íocaíochtaí párolla ar luach €283,000 in 2023.

### *Ag cosaint infheistíocht an Stáit san eastát scoileanna*

Cuirtear torthaí an iniúchta ar chumhdaigh i láthair i gCaibidil 7 mo thuarascála ar chuntais na seirbhísí poiblí do 2023, cumhdaigh atá i bhfeidhm chun infheistíocht an Stáit san eastát scoileanna a chosaint.

### *Monatóireacht agus bainistíocht a dhéanamh ar fheidhmíocht na gcigireachtaí scoile*

Baineann Caibidil 8 mo thuarascála ar chuntais na seirbhísí poiblí do 2023 leis na córais, nósanna imeachta agus cleachtais atá i bhfeidhm ag an Roinn agus a Cigireacht chun monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar ghníomhaíocht agus torthaí na gcigireachtaí scoile.

**Seamus Mac Cárthaigh**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

25 Mean Fomhair 2024

## Aguisín leis an tuarascáil

### Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den *Exchequer and Audit Departments Act 1866*
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe, agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Is é mo chuspóir agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam ná dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha ar calaois nó earráid is cúis leis. Is leibhéal ard dearbhaithe é dearbhú réasúnach, ach ní ráthaíocht é go mbraithfidh iniúchadh a dhéantar de réir na ISAnna (Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht) míráiteas ábhartha i gcónaí nuair a bheidh sé ann. Féadfaidh míráiteas eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha dá bhféadfaí a bheith ag súil le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa, ina n-aonar nó ina n-iomláine.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na ISAnna, cleachtaim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil i rith an iniúchta. Agus mé ag déanamh amhlaidh,

- Sainaithním agus measúnaím rioscaí an mhíráitis ábhartha a bhaineann leis an gcuntas leithreasa, cibé acu de bharr calaoise nó earráide iad; dearaim agus feidhmím nósanna imeachta iniúchóireachta a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchóireachta is leor agus is cuí chun bunús a sholáthar i gcomhair mo thuairime. Is mó an riosca nach mbraithfí míráiteas ábhartha a rinneadh de bharr calaoise ná míráiteas ábhartha a rinneadh de bharr earráide, mar d'fhéadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh a bheidh iomchuí sna cúinsí i gceist, ach ní chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Measúnaím cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* de chuid fhorálacha cuntasaíochta na Roinne Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le scóip agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha iniúchta, i measc nithe eile, lena n-áirítear aon laigí suntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

Tuairiscím de réir eisceachta más amhlaidh, i mo thuairimse,

- nár bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a theastaigh uaim i gcomhair m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta le go bhféadfaí an cuntas leithreasa a iniúchadh go héasca agus go cuí, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

#### Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na ISAnna an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair a rinne mé, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fhíric sin a thuairisciú.

#### Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna tuarascálacha iniúchóireachta ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

## Vóta 26 Oideachas

## Cuntas Leithreasa 2023

| | | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|---|
| | **Soláthar meastacháin** | | **Toradh** | **Toradh** |
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Clárchaiteachas** | | | | |
| A Oideachas chéad leibhéal, dara leibhéal agus luathbhlianta | | | | |
| *Bunaidh* | 10,025,107 | | | |
| *Forlíontach* | 849,287 | | | |
| **Ollchaiteachas** | | **10,874,394** | **10,808,822** | **10,176,293** |
| *Asbhain* | | | | |
| B **Leithreasa i gcabhair** | | | | |
| *Bunaidh* | 349,985 | | | |
| *Forlíontach* | 54,133 | | | |
| | | **404,118** | **408,779** | **408,847** |
| **Glanchaiteachas** | | | | |
| *Bunaidh* | 9,675,122 | | | |
| *Forlíontach* | 795,154 | | | |
| | | **10,470,276** | **10,400,043** | **9,767,446** |

**Barrachas**

Tá barrachas na méideanna dá ndéantar soláthar thar an nglanmhéid dlite le géilleadh don Státchiste.

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Barrachas le géilleadh** | **70,232,968** | **48,889,202** |

**Bernie McNally**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Oideachais

28 Márta 2024

## Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

### Nóta 1 Ráiteas ar an gCostas Oibriúcháin 2023

| | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Clárchostas | | 10,669,804 | 10,056,262 |
| Pá | | 112,611 | 100,607 |
| Neamhphá | | 26,407 | 19,424 |
| **Ollchaiteachas** | | **10,808,822** | **10,176,293** |
| *Asbhain* | | | |
| **Leithreasa i gcabhair** | | **408,779** | **408,847** |
| **Glanchaiteachas** | | **10,400,043** | **9,767,446** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| ***Réadmhaoin, innealra agus trealamh (nóta 2.1)*** | | | |
| Ceannacháin | (252,315) | | |
| Dímheas | 230 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 1 | | |
| ***Sócmhainní inláimhsithe (nóta 2.2)*** | | | |
| Ceannacháin | (2,695) | | |
| Amúchadh | 702 | | |
| | | (254,077) | (199,656) |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar réamhíocaíochtaí | 4,707 | | |
| Méadú ar ioncam fabhraithe | (1,315) | | |
| Méadú ar chostais fabhraithe | 19,713 | | |
| | | 23,105 | 26,120 |
| **Caiteachas díreach** | | **10,169,071** | **9,593,910** |
| | | | |
| **Caiteachas a iompraíodh áit éigin eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 29,285 | 25,697 |
| Cíosanna barúlacha | | 3,217 | 3,221 |
| **Glanchostas cláir** | | **10,201,573** | **9,622,828** |

## 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Is éard atá sa ghlanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara ná na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 26 a iompraíodh in áit eile, glan ar chostais seirbhísí a soláthraíodh do Vóta 45.

| | | 2023 [a] | 2022 [a] |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 171 | 184 |
| Vóta 12 | Liúntais Pinsin agus Scoir | 28,929 | 26,106 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 2,157 | 1,895 |
| Vóta 18 | Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 193 | 166 |
| Vóta 20 | An Garda Siochana | 249 | — |
| Vóta 43 | Oifig Príomhoifigeach Eolais an Rialtais | 140 | 130 |
| Ciste Lárnach - pinsin na n-airí | | 260 | 282 |
| Costas leithscartha na seirbhísí comhroinnte do Vóta 45 | | (2,814) | (3,066) |
| | | **29,285** | **25,697** |

Nóta [a] Ní chuimsíonn na figiúirí um ghlanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara figiúirí a bhaineann le comhlachtaí nó gníomhaireachtaí de chuid na Roinne faoi choimirce. Sannadh an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara go díreach don Vóta agus sa chás nárbh fhéidir é sin a dhéanamh rinneadh é a chionroinnt bunaithe ar leithdháileadh comhaontaithe costas idir Vóta 26 agus Vóta 45 araon.

## Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais ar an 31 Nollaig 2023

| | Nóta | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| Réadmhaoin, innealra agus trealamh | 2.1 | 357,760 | 533,304 |
| Sócmhainní doláimhsithe | 2.2 | 6,086 | 4,554 |
| **Iomlán na nglansócmhainní** | | **363,846** | **537,858** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 188,282 | 192,062 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.4 | 24,004 | 28,711 |
| Ró-íocaíochtaí atá le haisghabháil | 5.6 | 7,824 | 7,576 |
| Costais iasachta i leith aisghabhála | | 561 | 965 |
| Suimeanna dlite ón AE | | 10 | 10 |
| Ioncam fabhraithe | 2.5 | 2,770 | 1,299 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.6 | 564 | 591 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **224,015** | **231,214** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | 2.7 | 104,068 | 84,291 |
| Aisghabháil tuarastal chuig ranna agus gníomhaireachtaí eile | | — | 64 |
| Airgead ón Aontas le dáileadh | | 8,508 | 8,508 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.8 | 173,623 | 181,863 |
| Glanmhaoiniú ón Státchiste | 2.9 | 6,725 | 2,292 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **292,924** | **277,018** |
| **Glansócmhainní reatha** | | (68,909) | (45,804) |
| **Glansócmhainní** | | **294,937** | **492,054** |
| **Arna n-ionadú ag:** | | | |
| **Cuntas cistithe an Stáit** | 2.10 | **294,937** | **492,054** |

## 2.1 Réadmhaoin, innealra agus trealamh [a]

| | Tailte agus foirgnimh | Trealamh oifige agus TF | Troscán agus fearas | Sócmhainní faoi fhorbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Costas nó luacháil** | | | | | |
| Ag 1 Eanáir 2023 [a] | 247,840 | 8,007 | 5,709 | 284,746 | 546,302 |
| Breiseanna | 12,049 | 15 | — | 240,251 | 252,315 |
| Sócmhainní tugtha chun úsáidte | 393,433 | — | — | (393,433) | — |
| Diúscairtí | (430,345) | (39) | — | — | (430,384) |
| Coigeartuithe b | (6,836) | (3,473) | (287) | 9,823 | (773) |
| Ag 31 Nollaig 2023 | 216,141 | 4,510 | 5,422 | 141,387 | 367,460 |
| | | | | | |
| **Dímheas carntha** | | | | | |
| Ag 1 Eanáir 2023 | — | 7,537 | 5,461 | — | 12,998 |
| Dímheas don bhliain | — | 225 | 5 | — | 230 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (38) | — | — | (38) |
| Coigeartuithe c | — | (3,344) | (146) | — | (3,490) |
| Ag 31 Nollaig 2023 | — | 4,380 | 5,320 | — | 9,700 |
| | | | | | |
| **Glansócmhainní** | | | | | |
| **Ag 31 Nollaig 2023** | **216,141** | **130** | **102** | **141,387** | **357,760** |
| Ag 31 Nollaig 2022 | 247,840 | 470 | 248 | 284,746 | 533,304 |

Nóta [a] An 1 Eanáir 2023, aistríodh sócmhainní bogearraí faighte agus forbartha go sócmhainní doláimhsithe (nóta 2.2)

[b] Tar éis athbhreithniú mionsonraithe a dhéanamh ar an gclár sócmhainní, shainaithin an Roinn ceithre shuíomh ar luach €7.276 milliún a raibh rialú teicniúil aistrithe ina leith i dtréimhse chuntasaíochta roimhe seo ach bhí na suíomhanna ar an gclár sócmhainní i gcónaí. Ina theannta sin, bhí €440,000 de thearc-ráiteas déanta i gcás trí shuíomh eile.

Baineadh trealamh oifige agus TF agus troscán agus feistis le glanluach leabhar €129,000 agus €141,000 faoi seach agus a raibh an costas bunaidh laistíos den tairseach sócmhainne €10,000 acu den chlár, tar éis iad a dhiúscairt i dtréimhse chuntasaíochta roimhe seo.

Bhain na coigeartuithe maidir le sócmhainní atá á bhforbairt le cuimsiú ocht dtionscadal a fágadh ar lár trí dhearmad i dtréimhsí cuntasaíochta roimhe seo (€37.618 milliún), cúig thionscadal ar shuíomhanna nár faoi úinéireacht an Aire iad a bhaint (€26.243 milliún), sé thionscadal breise um chóiríocht scoile (€3.316 milliún) a bhaint agus athbhreithniú ar chostais maidir le naoi dtionscadal tar éis athbhreithniú mionsonraithe a dhéanamh orthu. Ba é glanéifeacht na naoi dtionscadal seo méadú €1.764 milliún ar luach na sócmhainní caipitiúla atá á bhforbairt).

Is é glanéifeacht na gcoigeartuithe thuas go léir méadú €2.717 milliún ar an gclár sócmhainní. Ba é €430.345 milliún luach na talún agus na foirgneamh a diúscraíodh sa bhliain. B'ionann na coigeartuithe míreanna neamhairgid seo ar an gclár sócmhainní réadmhaoine, gléasra agus trealaimh in 2023 agus €427.628 milliún agus tá an méid seo léirithe sa Chuntas Maoinithe Stáit (féach nóta 2.10).

**Nóta ginearálta faisnéise**

Níl aon tailte nó foirgnimh faoi úinéireacht an Stáit faoi rialú na Roinne Oideachais gan luacháil ach amháin i gcás roinnt ionad oideachais a bhfuil luacháil fós le déanamh orthu. Is mar seo a leanas a rialaítear agus a bhainistítear tailte agus foirgnimh ar leis an Roinn iad:

**1 Aistriú foirgneamh scoile 2023**

Caitheann an Roinn le haistriú rialaithe sócmhainne chuig údarás scoile mar dhiúscairt do chuspóirí cuntasaíochta sa chuntas seo. Ní aistrítear an úinéireacht. Liostaítar na réadmhaoin scoile agus páirteanna díobh a aistríodh i gcaitheamh 2023 sa tábla thíos

| **Ainm na scoile** | **Luacháil** [a] |
|---|---|
| | **€000** |
| Iar-bhunscoil Charraig Thuathail, Carraig Thuathail, Corcaigh | 55,663 |
| Meánscoil Chathair Thoir Luimnigh, ETSS Luimnigh, An Cuarbhóthar Thuaidh, Luimneach | 41,444 |
| Scoil Mhuire Naofa, Carraig Thuathail, Corcaigh | 31,399 |
| Meánscoil Naomh Pól, Mainistir Eibhín, Co. Chill Dara | 24,959 |
| Scoil Náisiúnta Pobail Charraig Thuathail, Carraig Thuathail, Corcaigh | 24,940 |
| ETNS Dhúglas, Baile an Róistigh, Dúglas, Corcaigh | 23,759 |
| Scoil Náisiúnta Lárnach Naomh Muire, Bóthar Chnocán Éidin, BÁC 4 | 23,483 |
| ETNS Bhaile an tSaoire, Baile Amhlaoibh, BÁC 16 | 22,540 |
| Scoil Náisiúnta Pobail Chill Dhéagláin, Cill Dhéagláin, Contae na Mí. | 21,567 |
| Scoil Speisialta Naomh Pádraig, Drumgoold, Inis Córthaigh, Co. Loch Garman [b] | 18,790 |
| Pobalcholáiste Lusca, Lusca, Co. Bhaile Átha Cliath [b] | 17,797 |
| ETNS Choill na Silíní, Coill na Silíní, BÁC 18 | 17,441 |
| ETNS Steach Póilín, Béal Maighne, BÁC 13 | 16,130 |
| ETNS Bhaile Pheiléid, Baile an Ásaigh, BÁC 15 | 15,552 |
| Gaelscoil Cnoc Liamha, Cnoc Lín, BÁC 16 | 15,168 |
| Bunscoil Mhuire, Sraith an Urláir, Co. Dhún na nGall [b] | 10,966 |
| Bunscoil an Teaghlaigh Ró-Naofa, An Muileann gCearr, Co. na hIar-mhí [b] | 10,316 |
| Bunscoil na Cathrach, An Chathair, Co. Thiobraid Árann [b] | 9,756 |
| Gaelscoil Chluain Meala, Cluain Meala, Co. Thiobraid Árann [b] | 9,178 |
| Gaelscoil Inis Córthaidh, Drumgoold, Inis Córthaidh, Co. Loch Garman [b] | 8,384 |
| S N Lios Teilic, Lios Teilic, Trá Lí, Co. Chiarraí | 6,708 |
| ETNS an Rois agus Lusca, Lusc, BÁC [b] | 1,340 |
| CNS an Nás, Baile an Cradógaigh, An Nás, Co. Chill Dara [b] | 840 |
| Iar-bhunscoil Choláiste Chnocán na Mara, Cionn Mhara, Contae na Gaillimhe [b] | 800 |
| Bunscoil Bhuachaillí Bhaile an Bhóthair, An Charraig Dhubh, Co. BhÁC [b] | 725 |
| Scoil Náisiúnta Waterpark, Bóthar na Páirce, Port Láirge [b] | 700 |
| | **430,345** |

Nóta [a] Áiríodh ar an bhfigiúr iomlán do dhiúscairtí teicniúla costas an láithreáin ar a bhfuil an scoil tógtha agus na costais iarbhír a tabhaíodh chun an scoil a chur sa riocht ina bhfuil sé anois lena n-áirítear fabhrú le haghaidh oibreacha a críochnaíodh in 2023 nár íocadh astu ag 31 Nollaig 2023.

[b] Áiríonn an tábla thuas dhá thionscadal scoile déag agus suíomhanna ar cheart a thuairisciú mar dhiúscairtí teicniúla sna blianta roimhe seo. Aithníodh é seo le linn athbhreithniú ar shócmhainní.

## 2 An leibhéal bunscoile

Bhí 3,229 bunscoil i mbun oibre ar an 31 Nollaig 2023. Scoileanna saincreidmheacha is ea a bhformhór agus iad faoi úinéireachta an údaráis deoiseacha lena mbaineann. Seo iad na heisceachtaí:

- Is leis an Aire Oideachais láithreáin le haghaidh 59 iar-bhunscoil agus iad á rialú/á mbainistiú aici.
- I gcás 236 scoil, tá na scoileanna ag oibriú ar shuíomhanna nó i bhfoirgnimh atá faoi úinéireacht nó faoi léas ag an Roinn ach tá an scoil á rialú/á bhainistiú ag Bord Bainistíochta.

## 3 An leibhéal iar-bhunscoile

722 iar-bhunscoil atá sa tír. Tá 362 díobh sin faoi úinéireacht pátrúin. Seo a leanas modh oibriúcháin na coda eile.

- Tá 14 scoil cuimsitheacha, 77 pobalscoil agus 23 meánscoil faoi úinéireacht an Aire Oideachais, agus á rialú/á mbainistiú ag boird bhainistíochta.
- Tá 246 iar-bhunscoil dílsithe go príomha in mboird oideachais agus oiliúna faoin Acht um Bord Oideachais agus Oiliuna 2013. Tá 26 de na scoileanna seo faoi úinéireacht an Aire Oideachais.

Is leis an Aire Oideachais láithreáin le haghaidh 34 iar-bhunscoil agus iad á rialú/á mbainistiú aici.

## 4 Eile

Tar éis achtú Acht na Leanaí 2001, bhain an t-aon cheist a bhí amuigh le hionad coinneála páistí amháin agus fógra ó Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit (OPAS) chuig an Údarás Clárúcháin Maoine maidir le hathrú úinéireachta réadmhaoin na scoile ón Aire Oideachas go Tusla (an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach) . D'ordaigh an Roinn d'OPAS fógra a thabhairt don Údarás Clárúcháin Maoine faoin athrú úinéireachta agus tá sé sin idir lámha. Ní áirítear an réadmhaoin seo mar shócmhainn in Nóta 2.1 thuas de bhrí nach bhfuil an réadmhaoin faoi rialú an Aire, ach faoi údarás na hinstitiúide féin.

Tá an tAire ar dhuine de bheirt ráthóirí an Middletown Centre for Autism (Holdings) Limited, comhlacht atá teoranta ag ráthaíocht, atá ina úinéir agus ina shealbhóir ar réadmhaoin i gCo. Ard Mhacha a úsáidtear le haghaidh Middletown Centre for Autism. (féach nóta 2.11 thuas)

## 2.2 Sócmhainní caipitil

| | Bogearraí ceannaithe/ forbartha | Sócmhainní faoi fhorbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Costas nó luacháil** | | | |
| Ag 1 Eanáir 2023 | 15,462 | 954 | 16,415 |
| Breiseanna | — | 2,695 | 2,695 |
| Sócmhainní tugtha chun úsáidte | 444 | (444) | — |
| Diúscairtí | (5) | — | (5) |
| Coigeartuithe [b] | (8,386) | — | (8,386) |
| **Ag 31 Nollaig 2023** | 7,515 | 3,204 | 10,719 |
| | | | |
| **Amúchadh carntha** | | | |
| Ag 1 Eanáir 2023 | 11,861 | — | 11,861 |
| Amúchadh don bhliain | 702 | — | 702 |
| Amúchadh na nithe diúscartha | (5) | — | (5) |
| Coigeartuithe [b] | (7,925) | — | (7,925) |
| **Ag 31 Nollaig 2023** | 4,633 | — | 4,633 |
| | | | |
| **Glansócmhainní** | | | |
| **Ag 31 Nollaig 2023** | **2,882** | **3,204** | **6,086** |
| Ag 31 Nollaig 2022 | 3,601 | 953 | 4,554 |

Nóta

[a] Le héifeacht ón 1 Eanáir 2023, rinneadh fáil bogearraí agus sócmhainní forbatha a athrangú ó réadmhaoin, gléasra agus trealamh.

[b] Ba é €461,000 glanéifeacht na gcoigeartuithe ar bhogearraí faighte agus forbartha. Baineann na coigeartuithe seo le bogearraí agus ceadúnais nach bhfuil in úsáid a thuilleadh ag an Roinn a bhaint agus léirítear iad sa Chuntas Maoinithe Stáit mar choigeartuithe ar mhíreanna airgid thirim faoi shócmhainní doláimhsithe (féach nóta 2.10).

## 2.3 Banc agus airgead tirim

| ar an 31 Nollaig | **2023** | **2022** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéideanna PMG | 186,910 | 191,030 |
| Iarmhéideanna cuntais bhainc thráchtála | 1,369 | 1,029 |
| Mionairgead | 3 | 3 |
| | **188,282** | **192,062** |

## 2.4 Réamhíocaíochtaí

| ar an 31 Nollaig | 2023 €000 | 2022 €000 |
|---|---|---|
| Réamhíocaíocht le Bus Éireann – iompar scoile | 17,751 | 13,244 |
| Réamhíocaíocht le Coimisiún na Scrúduithe Stáit | 46 | 831 |
| Tacaíocht TFC agus conarthaí ceadúnúcháin | 1,869 | 1,499 |
| Réamh-mhaoiniú tionscadal tógála scoile | — | 8,736 |
| Cíos do chóiríocht shealadach scoile | 1,842 | 1,344 |
| Cur i bhfeidhm seirbhísí comhroinnte | 910 | 526 |
| Conarthaí leathanbhanda scoile | 296 | 571 |
| Riarachán eile | 566 | 502 |
| Clár eile | 724 | 1,458 |
| | **24,004** | **28,711** |

## 2.5 Costais fabhraithe

| ar an 31 Nollaig | 2023 €000 | 2022 €000 |
|---|---|---|
| Ranníocaíochtaí breise aoisliúntais | 19 | 27 |
| Deontas tuarastail scoile | 675 | 1,102 |
| Aisíocaíochtaí pleanála agus tógála | 2,068 | — |
| Ilghnéitheach | 8 | 170 |
| | **2,770** | **1,299** |

## 2.6 Iarmhéideanna dochair eile

| ar an 31 Nollaig | 2023 €000 | 2022 €000 |
|---|---|---|
| Íocaíochtaí gníomhaireachta le hOifig na nOibreacha Poiblí | 137 | 330 |
| An scéim um rothaíocht chun na hoibre | 45 | 44 |
| Scéim pasanna taistil | 221 | 132 |
| Tuarastail in-aisghabhála | — | 36 |
| Aisghabháil costas ó oifigí comhroinnte | 119 | 46 |
| Aistriú feidhmeanna | 38 | — |
| Íocaíochtaí anonn aoisliúntais | 3 | 3 |
| Ilghnéitheach | 1 | — |
| | **564** | **591** |

## 2.7 Costais fabhraithe

| ar an 31 Nollaig | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Clár caipitil na scoileanna | 83,646 | 66,436 |
| Táillí aonadacha PPP na scoileanna | 4,720 | 4,811 |
| Bus Éireann | 9,581 | 8,402 |
| Clár eile | 4,437 | 4,228 |
| Riarachán eile | 1,684 | 414 |
| | **104,068** | **84,291** |

## 2.8 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| ar an 31 Nollaig | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Méideanna dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 78,647 | 86,827 |
| Árachas sóisialta pá-choibhneasta | 56,870 | 60,364 |
| Muirear sóisialta uilíoch | 15,788 | 16,857 |
| Cáin réadmhaoine áitiúil | 341 | 365 |
| Cáin shiarchoinneála seirbhísí gairmiúla | 1,105 | 1,072 |
| Cáin bhreisluacha | 6,914 | 8,152 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 102 | 110 |
| | 159,767 | 173,747 |
| Aistriú feidhmeanna | — | 257 |
| Íocaíochtaí gníomhaireachta le OPW | — | — |
| Scéim pasanna taistil | — | 1 |
| An Clár Fuinnimh Foirgnimh | 12,422 | 6,477 |
| Fionraí párollla | 1,051 | 822 |
| Ilghnéitheach | 383 | 529 |
| Fáltais bhreise státchiste | — | 30 |
| | **173,623** | **181,863** |

## 2.9 Glanmhaoiniú ón Státchiste

| ar an 31 Nollaig | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Barrachas le géilleadh | 70,233 | 48,889 |
| Deontas neamhtharraingthe ón Státchiste | (63,508) | (46,597) |
| **Glanmhaoiniú ón Státchiste** | **6,725** | **2,292** |
| **Arna n-ionadú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 188,282 | 192,062 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 564 | 591 |
| Suimeanna dlite ón AE | 10 | 10 |
| | 188,856 | 192,663 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (159,766) | (173,747) |
| Airgead ón Aontas le dáileadh | (8,508) | (8,508) |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | (13,857) | (8,116) |
| | (182,131) | (190,371) |
| | **6,725** | **2,292** |

## 2.10 Cuntas cistithe an Stáit

| | Nóta | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir | | | 492,054 | 386,296 |
| Eisíocaíochtaí ó sholáthar an Mheastacháin Vóta | Cuntas | 10,470,276 | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (70,233) | | |
| Glanvóta | | | 10,400,043 | 9,767,446 |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit éigin eile | 1.1 | | 29,285 | 25,697 |
| Míreanna neamhairgid – Coigeartú réadmhaoine, innealra agus trealaimh | 2.1 | | (427,628) | (67,778) |
| Míreanna neamhairgid - coigeartú do shócmhainní doláimhsithe | 2.2 | | (461) | — |
| Caiteachas neamhairgid - cíos barúlach | 1 | | 3,217 | 3,221 |
| Glanchostas cláir | | | (10,201,573) | (9,622,828) |
| **Iarmhéid ar 31 Nollaig** | | | **294,937** | **492,054** |

## 2.11 Ceangaltais

| ar an 31 Nollaig | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Ceangaltais uilíocha** | | |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 19,237 | 6,457 |
| Cláir dheontais neamhchaipitiúla [a] | 2,583,310 | 2,319,159 |
| Cláir dheontais chaipitiúla [b] | 35,500 | 35,500 |
| Tionscadail chaipitiúla [c] | 723,473 | 699,388 |
| Comhpháirtíochtaí poiblí príobháideacha | 957,259 | 1,025,368 |
| **Iomlán na gceangaltas atá infheidhmithe de réir dlí** | **4,318,779** | **4,085,872** |

Nóta [a] Áirítear ar chlár dheontais neamhchaipitiúla deontais a íocfar le forais choimirce agus eagraíochtaí eile lena n-áirítear scoileanna agus coláistí chun caiteachas reatha, pá san áireamh, a mhaoiniú.

[b] Baineann na cláir deontais chaipitil le deontais a íocfar le forais choimirce maidir le gach tionscadal chaipitil amhail boird oideachais agus oiliúna.

[c] Is ionann tionscadail chaipitil agus tionscadail a ndéanann an Roinn féin iad a bhainistiú agus a mhaoirsiú.

**Mórthionscadail chaipitil**

**Tionscadail chaipitil a bhfuil €10 milliún nó níos mó de chaiteachas i gceist iontu**

| | Caiteachas carnach go dtí 31 Nollaig 2022 | Caiteachas in 2023 | Ceangaltais tionscadail i mblianta dá éis | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré na dtionscadal 2023 | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré na dtionscadal 2022 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna (fo-mhírcheann A.15) [a] | **1,099,705** | **412,978** | **499,832** | **2,012,515** | **1,565,209** |

Nóta [a] Gheofar miondealú ar an tábla thuas faoi Aguisín A.

**Íocaíochtaí aonadacha i dtaca le tionscadail chomhpháirtíochta príobháideacha poiblí**

Go dtí seo tá an Roinn tar éis sé chonradh ar leith a dhéanamh chun cóiríocht oideachais a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú, a chothabháil agus a oibriú, faoi shamhail na Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí (CPP). Socruithe struchtúrtha is ea CPPanna idir comhlachtaí earnála poiblí agus infheisteoirí earnála príobháidí ar mhaithe le tionscadail bonneagair a sholáthar a chuirfí ar fáil, murach iad, trí mheicníochtaí traidisiúnta soláthair agus an caiteachas gaolmhar tógála le híoc roimh ré. Íocann an Roinn na costais i bhfoirm íocaíochtaí aonadacha míosúla thar 25 bliain, agus bíonn an chéad íocaíocht aonadach iníoctha a luaithe a bhíonn an tógáil críochnaithe. Le cois an tábla thíos, gheofar achoimre ar thionscadail CPP in Aguisín B.

| Ainm an tionscadail CPP | Caiteachas carnach go dtí 31 Nollaig 2022 | Caiteachas in 2023 [a] | Ceangaltais atá infheidhmithe de réir dlí le comhlíonadh i mblianta dá éis | Iomlán an tionscadail 2023 | Iomlán an tionscadail 2022 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Cúig threoirscoil | 226,567 | 11,316 | 46,319 | 284,202 | 283,701 |
| 1ú beartán | 118,733 | 9,679 | 121,132 | 249,544 | 248,555 |
| 2ú beartán | 148,643 | 13,412 | 178,559 | 340,614 | 339,557 |
| 3ú beartán | 145,019 | 15,939 | 255,150 | 416,108 | 416,870 |
| 4ú beartán | 59,296 | 7,744 | 146,165 | 213,205 | 213,999 |
| 5th beartán [b] | 44,691 | 9,972 | 209,934 | 264,597 | 261,284 |
| | **742,949** | **68,062** | **957,259** | **1,768,270** | **1,763,966** |

Nóta [a] Baineann an caiteachas a léiríodh ag deireadh na bliana 2023 go sonrach le híocaíochtaí caipitil Tá an caiteachas sa tábla thuas san áireamh sa toradh iomlán €66.622 milliún ar fho-mhícheann A.16. Tá an caiteachas iomlán in aghaidh an fho-mhírcheann A16 glan ar aisghabháil muirear aonadach 2023 ó Vóta 45. Áirítear ar an bhfo-mhírcheann seo íocaíochtaí áirithe deontais do scoileanna arna soláthar ag CPP.

[b] Tá caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2022 athráite chun an chuid de mhuirear aonadach an 5ú beartán a bhaineann le hInstitiúid Breisoideachais Cheatharlach agus atá aisíoctha ó Vóta 45 ó 2020 a áireamh. Mhéadaigh sé seo an caiteachas carnach ar an 5ú beartán tionscadal amhail an 31 Nollaig 2022 ó €40.34 milliún go €44.691 milliún, €4.351 milliún de mhéadú.

**Éagsúlú suntasach ar chostais tionscadail CPP**

Tugtar míniú thíos áit ar mhéadaigh/laghdaigh an caiteachas iomlán réamh-mheasta de bhreis is €500,000 ó 2022 go 2023.

*Innéacsú*

Íocann an Roinn íocaíochtaí aonadacha míosúla leis an gcomhlacht CPP lena mbaineann maidir le gach tionscadal oibríochtúil CPP. Dhá mhír atá san íocaíocht aonadach, mír an chostais sheasta agus mír inathraithe (innéacsaithe) a athraíonn ar aon dul leis an bPraghasinnéacs Tomhaltóirí Uile-mhír. Sonraítear dáta athbhreithnithe innéacsaithe i ngach conradh. Tar éis an fachtóir innéacsaithe a chinneadh, ríomhtar an íocaíocht aonadach bhliantúil trí na luachanna seasta agus na luachanna inathraithe coigeartaithe a shuimiú.

*Beartán Cúig Threoirscoil*

An t-athbhreithniú bliantúil ar innéacsú chomh maith le ceartú dá réir ar ríomh na réamh-mheastachán is cúis leis an méadú €501,000 iar chostais idir 2022 agus 2023.

*Beartán Scoileanna 1*

An t-athbhreithniú bliantúil ar innéacsú chomh maith le ceartú dá réir ar ríomh na réamh-mheastachán is cúis leis an méadú €989,000 ar chostais idir 2022 agus 2023.

*Beartán Scoileanna 2*

An t-athbhreithniú bliantúil ar innéacsú chomh maith le ceartú dá réir ar ríomh na réamh-mheastachán is cúis leis an méadú €1.057 milliún ar chostais idir 2022 agus 2023.

*Beartán Scoileanna 3*

An t-athbhreithniú bliantúil ar innéacsú chomh maith le le ceartú dá réir ar ríomh na réamh-mheastachán is cúis leis an laghdú €762,000 ar chostais idir 2022 agus 2023.

*Beartán Scoileanna 4*

An t-athbhreithniú bliantúil ar innéacsú chomh maith le le ceartú dá réir ar ríomh na réamh-mheastachán is cúis leis an laghdú €794,000 ar chostais idir 2022 agus 2023.

*Beartán Scoileanna 5*

An t-athbhreithniú bliantúil ar innéacsú chomh maith le ceartú dá réir ar ríomh na réamh-mheastachán is cúis leis an méadú €3.313 milliún ar chostais idir 2022 agus 2023.

**Caiteachas ar áitreabh sealadach scoile a fháil ar cíos**

I rith 2023, chuimsigh caiteachas faoi fho-mhírcheann A.15 méideanna de €42.902 milliún maidir le cíos ar fhoirgnimh shealadacha scoile (2022: €41.5 milliún).

## 2.12 Dliteanais aibithe

| ar an 31 Nollaig | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Meastachán ar dhliteanais tagtha chun aibíochta nár scaoileadh ag deireadh bliana | 17,155 | 825 |

## 2.13 Dliteanais theagmhasacha

**Middletown Centre for Autism**

D'fhéadfadh dliteanas pinsin de thuairim agus €1,415,000 ag deireadh 2023 (2022: €1,800,000) teacht chun cinn maidir leis an gcomhaontú idir Scéim Pinsin Rialtais Áitiúil na Roinne Oideachais do Thuaisceart Éireann agus an Roinn Oideachais. Sa chomhaontú, dar dáta an 16 Samhain 2007, ráthaigh na Ranna go ndéanfaidís íocaíocht iomlán ar aon dliteanas pinsin de chuid an Middletown Centre for Autism Ltd i gcás go scoirfidh an tIonad de bheith ann nó mura mbíonn sé ábalta a chuid dliteanas pinsin a chomhlíonadh. Tá an tIonad i mbun oibre i gcónaí agus níltear ag dréim leis go dtiocfaidh an dliteanas seo chun cinn go gairid.

**An clár feabhsúcháin scoileanna**

Tá imeachtaí dlí seolta ag an Roinn maidir le heasnaimh struchtúrtha a dtángthas orthu sna scoileanna a bhí tógtha ag Western Building Systems. D’íoc an Roinn as oibreacha feabhsúcháin sna scoileanna seo. Íocadh costais na bhfeabhsúchán as soláthar teagmhasach laistigh den bhuiséad caipitil.

In 2018, nocht measúnú go raibh obair feabhsúcháin de dhíth ar 40 scoil i ngeall ar easnamh struchtúrtha a bhí tugtha faoi deara. Tá obair leasúcháin déanta ar na scoileanna seo, agus tá an Roinn ag leanúint ar aghaidh leis an bhfeabhsúchán riachtanach a thabhairt chun críche mar chuid de chlár oibreacha feabhsúcháin/athchóirithe/aisfheistithe níos leithne a dhéanfaidh na scoileanna a chosaint amach anseo ó thaobh na haeráide de. Tá aisghabháil costas don Státchiste maidir leis an bhfeabhsúchán faoi réir imeachtaí dlíthiúla leanúnacha a leagtar amach thuas.

**Cásanna dlí**

Tá baint ag an Roinn le roinnt imeachtaí dlí a d’fhéadfadh dliteanais a chruthú, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Tá aon mhéid iarbhír nó uainiú na ndliteanas féideartha éiginnte.

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

**Anailís ar an gcaiteachas ar riarachán**

Cionroinneadh an caiteachas ar chúrsaí riaracháin ar Chlár A chun costais iomlána na gclár a léiriú.

| | | 2023 | | 2022 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 97,683 | 91,004 | 79,784 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | 1,659 | 1,645 | 1,185 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 1,670 | 2,047 | 1,718 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 3,149 | 3,723 | 3,498 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 16,643 | 11,907 | 8,685 |
| vi | Costais áitreabh oifige | 1,985 | 1,818 | 1,533 |
| vii | Sainchomhairleoireacht agus seirbhísí eile | 126 | 96 | 22 |
| viii | An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais | 33,877 | 26,778 | 23,606 |
| | | **156,792** | **139,018** | **120,031** |

Nóta [a] Is fo-mhírcheann pá go príomha é fo-mhírcheann na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais. Leithdháiltear €21.607 milliún de chaiteachas pá ar Fho-mhírcheann pá riaracháin A.1 agus leithdháiltear €5.171 milliún de chaiteachas neamhphá ar Riarachán neamhphá A.2 faoi Chlár A.

**Difríochtaí suntasacha**

Seo a leanas na cúiseanna leis na difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus € 100,000).

**v Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha**

*Soláthar measta €16.643 milliún; toradh €11.907 milliún*

Bhain an laghdú €4.736 milliún ar chaiteachas i gcomparáid leis an meastachán le moill ar sheachadadh na dtionscadal TF pleanáilte.

## Clár A – Oideachas Chéad Leibhéal, Dara Leibhéal agus Luathbhlianta

| | | | 2023 | | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| A.1 | Riarachán - pá | | 123,352 | 112,611 | 100,607 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | | 33,440 | 26,407 | 19,424 |
| A.3 | Tuarastail, pá agus liúntais (íocaíochtaí teagmhasacha san áireamh) bunmhúinteoirí | | | | |
| | *Bunaidh* | 3,059,788 | | | |
| | *Forlíontach* | 99,321 | | | |
| | | | 3,159,109 | 3,142,476 | 2,981,779 |
| A.4 | Tuarastail, pá agus liúntais (íocaíochtaí teagmhasacha san áireamh) múinteoirí meánscoile, scoileanna cuimsitheacha agus pobalscoileanna | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,626,887 | | | |
| | *Forlíontach* | 32,030 | | | |
| | | | 1,658,917 | 1,656,098 | 1,578,789 |
| A.5 | Deontais do bhoird oideachais agus oiliúna i ndáil le tuarastail múinteoirí BOO | | | | |
| | *Bunaidh* | 747,129 | | | |
| | *Forlíontach* | 39,120 | | | |
| | | | 786,249 | 787,429 | 738,719 |
| A.6 | Tuarastail, pá agus liúntais (íocaíochtaí teagmhasacha san áireamh) cúntóirí riachtanas speisialta i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna | | | | |
| | *Bunaidh* | 790,608 | | | |
| | *Forlíontach* | 30,620 | | | |
| | | | 821,228 | 821,958 | 745,844 |

| | | | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| A.7 | Tuarastail, pá agus liúntais (íocaíochtaí teagmhasacha san áireamh) ball foirne neamhtheagaisc i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna (gan cúntóirí riachtanas speisialta a chur san áireamh) | | | | |
| | *Bunaidh* | 116,527 | | | |
| | *Forlíontach* | 25,330 | | | |
| | | | 141,857 | 138,834 | 108,109 |
| A.8 | Aoisliúntas etc. i ndáil le baill foirne teagaisc agus neamhtheagaisc | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,467,911 | | | |
| | *Forlíontach* | 12,270 | | | |
| | | | 1,480,181 | 1,475,096 | 1,406,032 |
| A.9 | Seirbhísí iompair scoile | | | | |
| | *Bunaidh* | 283,150 | | | |
| | *Forlíontach* | 98,793 | | | |
| | | | 381,943 | 382,028 | 338,904 |
| A.10 | Deontais (lena n-áirítear caipitlíocht) iníoctha le bunscoileanna agus le hiar-bhunscoileanna, le BOOnna agus le heagraíochtaí agus institiúidí oideachais eile | | | | |
| | *Bunaidh* | 598,877 | | | |
| | *Forlíontach* | 105,803 | | | |
| | | | 704,680 | 666,296 | 767,212 |
| A.11 | Deontais d'fhorais oideachais a oibríonn in earnálacha an bhunoideachais agus an iar-bhunoideachais | | | | |
| | *Bunaidh* | 200,688 | | | |
| | *Forlíontach* | 11,000 | | | |
| | | | 211,688 | 202,251 | 175,460 |
| A.12 | Oideachas múinteoirí | | 39,776 | 37,903 | 34,965 |

| | | | | 2023 | | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar meastacháin | Toradh | | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | | €000 |
| A.13 | Íocaíochtaí i ndáil le sásamh d'institiúidí cónaithe agus costais a bhaineann leis an gCoimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú | | 2,062 | 1,305 | | 1,210 |
| A.14 | Deontais agus seirbhísí ilghnéitheacha | | | | | |
| | *Bunaidh* | 82,912 | | | | |
| | *Forlíontach* | (16,000) | | | | |
| | | | 66,912 | 58,593 | | 43,335 |
| A.15 | Bonneagar bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna | | | | | |
| | *Bunaidh* | 782,000 | | | | |
| | *Forlíontach* | 411,000 | | | | |
| | | | 1,193,000 | 1,232,915 | | 1,071,735 |
| A.16 | Costais chomhpháirtíochtaí poiblí príobháideacha | | 70,000 | 66,622 | | 64,169 |
| | | | **10,874,394** | **10,808,822** | | **10,176,293** |

**Difríochtaí suntasacha**

Tugann an méid seo a leanas breac-chuntas ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gclárchaiteachas neamhriaracháin (+/- -5% agus €100,000).

**A.5 Deontais do bhoird oideachais agus oiliúna i ndáil le tuarastail múinteoirí BOO**

*Soláthar measta €747.129 milliún; toradh €787.429 milliún*

Tharla an méadú €40.3 milliún ar chaiteachas i gcomparáid leis an soláthar meastacháin go príomha mar gheall ar an gcostas a bhain leis na nithe seo a leanas.

- Poist bhreise múinteoirí mar gheall ar líon na ndaltaí ón Úcráin atá cláraithe in iar-bhunscoileanna (€10.511 milliún).
- Nádúr éileamh-threoraithe na gcostas párolla sin a mbíonn tionchar ag líon na gclárúchán agus na riachtanais oideachais orthu a bheith níos mó ná mar a réamh-mheasadh roimhe seo (€29.789 milliún).

**A.7 Tuarastail, pá agus liúntais (íocaíochtaí teagmhasacha san áireamh) ball foirne neamhtheagaisc i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna (gan cúntóirí riachtanas speisialta a chur san áireamh)**

*Soláthar measta €116.527 milliún; toradh €138.834 milliún*

Tharla an méadú €22.307 milliún ar chaiteachas i gcomparáid leis an soláthar meastacháin go príomha mar gheall ar an gcostas a bhain leis na nithe seo a leanas.

- Próiseáil pá na rúnaithe scoile ó phárolla na foirne neamhtheagaisc le héifeacht ó Mheán Fómhair 2023 agus íocaíocht riaráistí tuarastail (€27.226 milliún)
- Coigilteas mar gheall ar laghdú ar líon na ndaoine aonair a íocadh faoi scéimeanna 1978/79 d’airigh agus d’oifigigh chléireachais (€1.188 milliún)
- Coigilteas ar phá foirne eile nach múinteoirí iad mar gheall ar dheacrachtaí maidir le haontú ar phoist bhreise atá beartaithe do róil riaracháin agus TFC mar aon le roinnt gannchaiteachas ar leithdháiltí bunaidh a bhí ar fáil (€4.011 milliún).

**A.9 Seirbhísí iompair scoile**

*Soláthar measta €283.15 milliún; toradh €382.028 milliún*

Tharla an méadú €98.878 milliún ar chaiteachas i gcomparáid leis an soláthar meastacháin go príomha mar gheall ar an gcostas a bhain leis na nithe seo a leanas.

- Bearta costais mhaireachtála inar rinne soláthar do tharscaoileadh táillí iompair scoile do dhaltaí (€41.5 milliún).
- Glanadh breise ar fheithiclí iompair scoile (€2.4 milliún).
- Seirbhísí breise iompair scoile curtha ar fáil do dhaltaí ón Úcráin atá cláraithe i scoileanna (€5.4 milliún).
- Raon brúnna caiteachais reatha ar chroísheirbhísí na scéime iompair scoile, lena n-áirítear costais mhéadaithe chonraitheora agus daltaí breise ar sheirbhísí riachtanas speisialta oideachais a frithháiríodh ag coigilteas ar leibhéal na liúntas breosla a íocadh (€49.6 milliún).

**A.10 Deontais (lena n-áirítear caipitlíocht) iníoctha le bunscoileanna agus le hiar-bhunscoileanna, le BOOnna agus le heagraíochtaí agus institiúidí oideachais eile**

*Soláthar measta €598.877 milliún; toradh €666.296 milliún*

Tharla an méadú €67.419 milliún ar chaiteachas i gcomparáid leis an soláthar meastacháin go príomha mar gheall ar an gcostas a bhain leis na nithe seo a leanas.

- Deontais Covid-19 do théarma 2 den scoilbhliain 2022/2023 den scoilbhliain a íocadh le scoileanna le haghaidh TCP, sláintíocht láimhe, glanadh agus maoirseacht nach raibh san áireamh sa bhunsoláthar meastacháin (€38.386 milliún).
- Íocadh beart costais mhaireachtála aonuaire mar chúnamh do scoileanna le costais reatha scoile (€60.439 milliún).
- Maoiniú le haghaidh feachtas tinrimh scoile i scoileanna faoi mhíbhuntáiste a leithdháileadh ar fho-mhírcheann eile ar dtús ach a íocadh as an bhfo-mhírcheann seo. Aistríodh an leithdháileadh bunaidh chuig an bhfo-mhírcheann seo mar chuid de phróiseas na meastachán forlíontach (€6.486 milliún).
- Íocaíocht do rúnaithe scoile atá maoinithe ag deontas a bheith níos ísle ná mar a foráladh dó san fho-mhírcheann seo. Is é is cúis leis seo ná gur ghlac rúnaithe scoile a maoiníodh as deontas roimhe seo le téarmaí chomhaontú pá nua a d’fhág go n-íocann an Roinn iad go díreach anois ó fho-mhírcheann phárolla na foirne neamhtheagaisc scoile seachas tríd an bhfodheontas deontais seo do scoileanna (€8.8 milliún).

- Coigilteas mar gheall ar uainiú an deontais TFC 2023/24 a íocadh le scoileanna (€35 milliún).
- Réimse brúnna caiteachais caipitíochta scoile eile toisc go raibh líon na ndaltaí cláraithe i scoileanna níos airde ná an maoiniú próifílithe mar aon le brúnna caiteachais eile.

**A.13 Íocaíochtaí i ndáil le sásamh d'institiúidí cónaithe agus costais a bhaineann leis an gCoimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú**

*Soláthar measta €2.062 milliún; toradh €1.305 milliún*

Bhain an laghdú €757,000 ar chaiteachas i gcoibhéis leis an soláthar sa mheastachán go príomha leo seo a leanas.

- Costais reatha an Bhoird um Shásamh agus an Coimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú le linn 2021 (€450,000) a bheith níos ísle ná mar a ceapadh.
- Caiteachas caipitiúil leithdháilte ar son íospartaigh mí-úsáide institiúide nár caitheadh in 2021 (€500,000).
- Caiteachas breise ar mhaoiniú do sheirbhís abhcóideachta d'íospartaigh mhí-úsáide institiúidigh nár soláthraíodh dó sa bhunmheastachán (€275,000)

**A.14 Deontais agus seirbhísí eile**

*Soláthar measta €82.912 milliún; toradh €58.593 milliún*

Bhain an laghdú €24.319 milliún ar chaiteachas i gcomparáid leis an soláthar sa mheastachán go príomha le

- Caiteachas ar an scéim ex-gratia ag eascairt as feidhmiú Bhreithiúnais na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine in O'Keeffe v Éire a bheith níos ísle mar a réamh-mheasadh. (€18.642 milliún).
- Moill ar chur i bhfeidhm tionscadal áirithe agus earcú foirne i gcláir seirbhísí comhroinnte oideachais (€6.601 milliún).
- Maoiniú do chomhlachtaí bainistíochta bunscoile agus iar-bhunscoile a bheith níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis agus ba é ba chúis leis go príomha ná earcaíocht níos moille ná mar a bhí beartaithe san Aonad Seirbhísí Tacaíochta Airgeadais (€950,000).
- Leibhéal gníomhaíochta níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis ar thionscadail arna maoiniú ag an gCuntas Díomhaoin agus ar thionscadail straitéiseacha eile de chuid na Roinne (€669,000).
- Costais níos airde ná mar a ceapadh do rannpháirtíocht na Roinne sa chlár Peace IV (€925,000)
- Costais fiosrúcháin raon feidhme RIRU nár soláthraíodh dó sa mheastachán bunaidh (€1.06 milliún).

**A.15 Bonneagar bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna**

*Soláthar measta €782 milliún; toradh €1.233 billiún*

Tharla an méadú ar chaiteachas de €450.915 milliún i gcomparáid leis an soláthar meastacháin go príomha mar gheall ar bhainistiú brúnna buiséadacha suntasacha a d'eascair as seachadadh láidir ar an gClár Tógála Scoile chun píblíne riachtanach an tionscadail a choinneáil ag dul chun cinn le cinntiú go raibh áit scoile ag gach leanbh i Meán Fómhair 2023; an gá atá le seachadadh luathaithe cóiríochta do leanaí

a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu; le lánpháirtíocht breis agus 18,000 leanbh ón Úcráin agus tionchar boilsciú ard tógála.

Ceadaíodh €411 milliún d'fhorlíonadh (€405 milliún de chaiteachas caipitil agus €6 milliún de chaiteachas reatha) don fho-mhírcheann seo chun soláthar a dhéanamh do na harduithe ar chaiteachas san fho-mhírcheann seo. Soláthraíodh na méaduithe eile ar chaiteachas caipitiúil ó choigilteas caiteachais chaipitiúil a d'eascair thar raon fo-mhírchinn eile laistigh den Vóta.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí i gcabhair

| | | | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Measta | | Fíoraithe | Fíoraithe |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| B.1 | Ranníocaíochtaí aoisliúntais | | | | |
| | *Bunaidh* | 162,438 | | | |
| | *Forlíontach* | 10,297 | | | |
| | | | 172,735 | 173,163 | 173,903 |
| B.2 | Fáltais ó Chiste Sóisialta na hEorpa, ón gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú agus fáltais ilghnéitheacha eile AE [a] | | 325 | 1,443 | 1,488 |
| B.3 | Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair earnála poiblí | | | | |
| | *Bunaidh* | 176,946 | | | |
| | *Forlíontach* | 31,202 | | | |
| | | | 208,148 | 209,684 | 194,262 |
| B.4 | Daoine ar iasacht/ró-íocaíochtaí | | 3,824 | 2,332 | 5,704 |
| B.5 | Ilghnéitheach | | | | |
| | *Bunaidh* | 6,452 | | | |
| | *Forlíontach* | 12,634 | | | |
| | | | 19,086 | 22,157 | 33,490 |
| | **Iomlán** | | **404,118** | **408,779** | **408,847** |

Nóta [a] Cuirtear miondealú ar fháltais AE de €1.443 milliún faoi B.2 ar fáil sa tábla faoi Nóta 6.5 cistiú AE.

**Difríochtaí suntasacha**

Tugann an méid seo a leanas breac-chuntas ar na cúiseanna le héagsúlachtaí suntasacha i bhfo-mhírchinn leithreasa i gcabhair (+/- -5% agus € 100,000).

**B.1 Ranníocaíochtaí aoisliúntais**

*Meastachán €162.438 milliún, €173.163 milliún a fíoraíodh*

Tharla an méadú €10.725 milliún i gcomparáid leis an soláthar meastachán toisc go raibh fáltais níos airde ná an soláthar a leithdháileadh. Áirítear leis an méadú seo ranníocaíochtaí a fuarthas mar thoradh ar chaiteachas párolla níos airde. D'eascair sé seo as poist bhreise múinteoireachta agus cúntóra oideachais speisialta a earcaíodh san earnáil oideachais.

**B.2 Fáltais ó Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE), ón gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (CECD) agus fáltais ilghnéitheacha eile ón AE**

*Meastachán €325,000 milliún, €1.443 milliún a fíoraíodh*

Tharla an €1.118 milliún de mhéadú i gcomparáid leis an soláthar sa mheastachán go príomha i ndeall ar fháltais ó chlár Peace IV a leithdháileadh faoi fho-mhírcheann B5 ilghnéitheach a cuireadh san áireamh ina dhiaidh sin faoin bhfo-mhírcheann.

**B.3 Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair earnála poiblí**

*Meastachán €176.946 milliún, €209.684 milliún a fíoraíodh*

Tharla an méadú €32.738 milliún i gcomparáid leis an soláthar meastachán toisc go raibh fáltais níos airde ná an soláthar a leithdháileadh. D'eascair sé seo as poist bhreise múinteoireachta agus cúntóra oideachais speisialta a earcaíodh san earnáil oideachais.

**B.4 Daoine ar iasacht/ró-íocaíochtaí**

*Meastachán €3.824 milliún, €2.332 milliún a fíoraíodh*

Le haisíocaíochtaí ar iasachtaí foirne a bheith níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis, de €1.710 milliún, go príomha a bhain an €1.492 milliún de laghdú i gcomparáid leis an soláthar meastacháin. Athrú in oibriú an fho-mhírchinn in 2023 ba chúis leis seo, inar taisceadh aisíocaíochtaí tuarastail sa bhliain reatha faoin fho-mhírcheann ónar íocadh an tuarastal an chéad lá riamh. Bhí aisíocaíochtaí ar ró-íocaíochtaí níos airde ná mar a bhíothas a ag súil leis, leis, de €218,000. Is deacair meastachán a thabhairt ar fháltais ó aisíocaíochtaí ar ró-íocaíochtaí ó bhliain go bliain.

**B.5 Ilghnéitheach**

*Meastachán €6.452 milliún, €22.157 milliún a fíoraíodh*

Leis na nithe seo a leanas go príomha a bhain an €15.705 milliún de mhéadú i gcoibhéis leis an soláthar meastacháin

- Admháil ar aisíocaíochtaí a rinne scoileanna ar dheontais chaipitíochta a bhaineann le Covid-19 a cuireadh ar fáil don scoilbhliain 2021/22 (€14.75 milliún)
- Mar gheall ar nádúr éagsúil na bhfáltas sa chatagóir seo, is deacair a thuar le haon leibhéal cinnteachta leibhéal na nglanfháltas eile a d'fhéadfadh a bheith le bailiú in aon bhliain féilire.

### 4.2 Fáltais bhreise iníoctha leis an Státchiste

| | 2023<br>€000 | 2022<br>€000 |
|---|---:|---:|
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir | 30 | — |
| Diúscairt sócmhainní [a] | — | 30 |
| Aistrithe chuig an Státchiste | (30) | — |
| **Iarmhéid ar 31 Nollaig** | **—** | **30** |

Nóta [a] Baineann an íocaíocht leis an Státchiste in 2023 le diúscairt píosa talún le linn 2022.

## Nóta 5 Líon agus Pá Fostaithe

### 5.1 Líon fostaithe

| Coibhéisí lánaimseartha | 2023 | 2022 |
|---|---:|---:|
| Roinn | 1,813 | 1,571 |
| An chéad agus an dara leibhéal | 100,011 | 96,130 |
| Gníomhaireachtaí | 738 | 652 |
| Iomlán | **102,562** | **98,353** |

### 5.2 Costais phá

| Foireann na Roinne | 2023<br>€000 | 2022<br>€000 |
|---|---:|---:|
| Pá | 103,882 | 91,112 |
| Liúntais i leith ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 493 | 374 |
| Liúntais eile | 21 | 25 |
| Ragobair | 997 | 1,186 |
| ÁSPC an Fhostóra | 7,218 | 7,910 |
| **Pá iomlán** | **112,611** | **100,607** |

Nóta [a] Ní bhaineann na sonraí airgeadais sa tábla seo ach amháin le tuarastail agus le liúntais a íoctar le baill foirne riaracháin sa Roinn agus le foireann na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais.

[b] Léirítear figiúr iomlán an phá faoi A.1. (€112.611 milliún).

| Foireann oideachais chéad agus dara leibhéal | 2023 | 2022 |
| --- | --- | --- |
| | €000 | €000 |
| Pá | 5,918,824 | 5,585,023 |
| Liúntais | 5,762 | 5,990 |
| Ragobair | 1,010 | 775 |
| ÁSPC an Fhostóra | 581,644 | 541,009 |
| **Pá iomlán [a]** | **6,507,240** | **6,132,797** |

Nóta [a] Athshonraíodh an figiúr pá iomlán don bhliain 2022 nuair a chuir Bord Oideachais agus Oiliúna amháin tuairisceán leasaithe do 2022 isteach. Athbhreithníodh figiúr na liúntas do 2022 anuas ó €6.041 milliún. Mar thoradh air seo tá an figiúr athshonraithe pá iomlán do 2022 €51,000 níos ísle ná an figiúr a tuairiscíodh i gcuntas leithreasa 2022.

| Foireann gníomhaireachtaí | 2023 | 2022 |
| --- | --- | --- |
| | €000 | €000 |
| Pá | 39,294 | 34,510 |
| Liúntais i leith ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 245 | 163 |
| Liúntais eile | 87 | 68 |
| Ragobair | 2,308 | 2,278 |
| ÁSPC an Fhostóra | 3,991 | 3,377 |
| **Pá iomlán [a],** | **45,925** | **40,396** |

Nóta [a] Áirítear ar chostais phá iomlán do 2023 costais phá do ghníomhaireachtaí atá faoi shainchúram an Vóta seo agus tá sé bunaithe go príomha ar thuairisceáin ó na gníomhaireachtaí.

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre — Foireann na Roinne

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2023 | 2022 |
| | | | € | € |
| Liúntais i leith ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 145 | 17 | 23,481 | 22,755 |
| Liúntais eile | 29 | — | 5,947 | 9,670 |
| Ragobair agus tinreamh breise | 379 | 8 | 15,589 | 26,369 |
| Luach saothair breise i mbreis agus catagóir amháin | 37 | 7 | 18,757 | 14,040 |

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre — an chéad agus an dara leibhéal

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2023 | 2022 |
| | | | € | € |
| Liúntais | 3,815 | 10 | 19,752 | 11,388 |
| Ragobair | 421 | 27 | 28,011 | 23,660 |
| Luach saothair breise i mbreis agus catagóir amháin | 219 | 36 | 32,660 | 28,310 |

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre - gníomhaireachtaí

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2023 | 2022 |
| | | | € | € |
| Liúntais i leith ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 87 | 4 | 22,000 | 13,833 |
| Liúntais eile | 66 | — | 9,487 | 4,573 |
| Ragobair | 266 | 82 | 47,128 | 54,507 |
| Luach saothair breise i mbreis agus catagóir amháin | 76 | 44 | 48,864 | 55,084 |

## 5.4 Foireann na Roinne de réir banda pá

Seo a leanas líon na bhfostaithe Roinne ar tháinig laghdú idir €20,000 agus €59,999 ar a sochair iomlána fostaithe acu (lena n-áirítear bunphá, liúntais, ragobair; gan ÁSPC fostóra, costais phinsin an fhostóra san áireamh) don bhliain airgeadais agus laistigh de gach banda de €10,000 ó €60,000 suas.

| Bandaí pá (€) | | Líon na bhfostaithe | |
|---|---|---|---|
| Ó | Go | 2023 | 2022 |
| 20,000 | 59,999 | 1,049 | 1,015 |
| 60,000 | 69,999 | 159 | 153 |
| 70,000 | 79,999 | 134 | 110 |
| 80,000 | 89,999 | 117 | 96 |
| 90,000 | 99,999 | 115 | 132 |
| 100,000 | 109,999 | 97 | 70 |
| 110,000 | 119,999 | 28 | 18 |
| 120,000 | 129,999 | 10 | 3 |
| 130,000 | 139,999 | 1 | 4 |
| 140,000 | 149,999 | — | — |
| 150,000 | 159,999 | — | 1 |
| 160,000 | 169,999 | 4 | 5 |
| 170,000 | 179,999 | 5 | 3 |
| 180,000 | 189,999 | — | — |
| 190,000 | 199,999 | — | — |
| 200,000 | 209,999 | — | — |
| 210,000 | 219,999 | — | — |
| 220,000 | 229,999 | 1 | — |

## 5.5 Socruithe luacha saothair eile

Cuireadh 52 státseirbhíseach a bhí ar scoir agus a bhí ag fáil phinsin na Státseirbhíse ag obair arís ar bhonn táille ar chostas iomlán de €177,000 (2022: €106,000) agus chuimsigh seo costais taistil agus chothabhála de €16,000 (2022: €8,000). Bhí na híocaíochtaí a rinneadh i gcomhréir le prionsabail Acht na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus forálacha eile) 2012.

## 5.6 Ró-íocaíochtaí párolla

| ar an 31 Nollaig | Líon na bhfaighteoirí | 2023<br>€ | 2022<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Ró-íocaíochtaí tuarastal leis an bhfoireann riaracháin** | | | |
| Ró-íocaíochtaí | 120 | 280,021 | 223,559 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 20 | 48,250 | 47,932 |
| **Ró-íocaíochtaí le múinteoirí/neamh-mhúinteoirí agus pearsanra ar scor** | | | |
| Ró-íocaíochtaí | 3,957 | 6,878,004 | 6,486,283 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 547 | 1,575,882 | 1,177,294 |
| **Ró-íocaíochtaí forlíontacha pinsin** | | | |
| Ró-íocaíochtaí | 77 | 665,242 | 760,443 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 63 | 525,842 | 590,771 |

**Ró-íocaíochtaí mar thoradh ar fho-asbhaint den Laghdú Pinsin Seirbhíse Poiblí**

Aithníodh 89 cás ró-íocaíochta pinsin in 2018, mar ar tharla laghdú neamhleor ar an bpinsean seirbhíse poiblí. Tá an Roinn i dteagmháil leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe faoi láthair chun an cheist a thabhairt chun críche. Milliún euro (comhlán) atá i gceist le méid na ró-íocaíochta i láthair na huaire. Tá an obair ar siúl chun teagmháil a dhéanamh leis na pinsinéirí i dtrácht chun na ró-íocaíochtaí a fháil ar ais.

**Ró-íocaíochtaí/tearcíocaíocht mar thoradh ar earráid códaithe**

In 2022, aithníodh 140 duine ar scor a fuair ró-íocaíocht ina gcnapshuim, arbh fhiú €106,037 í san iomlán. Ba de bharr códú mícheart ar liúntas inphinsin a tharla an earráid.

Rinne an Roinn Oideachais teagmháil le gach duine den líon seo agus tá an ró-íocaíocht aisíoctha ag 139 duine go dtí seo, ar fiú €105,131 í. Tá €906 le haisíoc faoi láthair ag an duine amháin atá fágtha agus tá plean aisíocaíochta i bhfeidhm.

## 5.7 Íocaíochtaí téarfa/iomarcaíochta

Íocadh íocaíochtaí téarfa arbh fhiú €91,197 iad le hochtar ball foirne, ar foirceannadh a dtéarma fostaíochta. Bhí íocaíochtaí iomarcaíochta arbh fhiú €51,956 faighte ag ceathrar de na baill foirne seo in 2023.

| Grád | Íocaíocht téarfa<br>€ | Blianta breise de sheirbhís bharúlach | Luathíocaíocht pinsin gan aon laghdú achtúireach |
|---|---|---|---|
| Príomhoifigeach* | 17,834 | — | — |
| Príomhoifigeach Cúnta* | 20,401 | — | — |
| Tiománaí sibhialtach | 13,721 | — | — |
| **Iomlán** | **51,956** | **—** | **—** |

*Foireann an Aire

## 5.8 Luach saothair agus sochair an Oifigigh Chuntasaíochta

Seo a leanas luach saothair agus sochair inchánach an Oifigigh Chuntasaíochta don bhliain airgeadais:

| | 2023<br>€000 | 2022<br>€000 |
|---|---|---|
| **Bunphá** | | |
| Séan Ó Foghlú | — | 27 |
| Bernie McNally | 227 | 169 |
| | **227** | **196** |

Níl luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse áirithe thuas. Is ball de scéim aoisliúntais roimh 1995 do státseirbhísigh bhunaithe an tOifigeach Cuntasaíochta agus ní sháraíonn a teidlíochtaí ar shochair aoisliúntais maidir lena tréimhse seirbhíse téarmaí caighdeánach na scéime pinsin sin.

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Coistí, coimisiúin agus binsí speisialta

| | Bliain an cheapacháin | Caiteachas carnach go dtí 31 Nollaig 2023 | Caiteachas in 2023 | Caiteachas in 2022 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| An Coimisiún um Mí-úsáid Leanaí a Fhiosrú | 1999 | 85,489 | 278 | 412 |
| An Scéim Sásamh d'Institiúidí Cónaithe [a, b] | 2002 | 1,246,685 | 634 | 654 |
| | | **1,332,174** | **912** | **1,066** |

Nóta [a] Anuas ar an gcaiteachas foriomlán €1.247 billiún ar An Scéim Sásamh d'Institiúidí Cónaithe ag deireadh 2023, tabhaíodh €10 milliún eile de chaiteachas i dtaca le socraíochtaí cúirte de bhun an Chomhaontaithe Slánaíochta 2002, ina bhforáiltear nach bhfuil cuallachtaí reiligiúnacha faoi dhliteanas maidir le cásanna a shocraítear sa chúirt agus lasmuigh den scéim sásaimh.

[b] Ag deireadh 2023, ba é €65.70 mhilliún na costais charnacha riaracháin i gcás an Bhoird Sásamh d'Institiúidí Cónaithe agus €10.12 milliún i gcás an Choiste Athbhreithnithe ar Institiúidí Cónaithe.

**An t-iomlán a d'íoc cuallachtaí reiligiúnacha**

Rinne 18 cuallacht reiligiúnach a bhainistigh formhór institiúidí cónaithe na leanaí ranníocaíochtaí faoi dhá bhabhta ar leith. Is iad sin an

- comhaontú slánaíochta 2002 a bhí ina cheangal dlí a d'fhoráil le haghaidh ranníocaíochtaí de €128 milliún; agus
- na tairiscinti breise a rinneadh tar éis fhoilsiú Thuarascáil Uí Riain in 2009 lena n-áirítear airgead tirim agus réadmhaoin ar chuir na cuallachtaí luach €352.61 milliún orthu ag an am.

Achoimrítear sa tábla thíos na méideanna iomlána a tairgeadh faoin dá bhabhta agus na méideanna a fuarthas go dtí seo. Tá na méideanna seo comhdhéanta de ranníocaíochtaí airgead tirim agus luach na n-aistrithe réadmhaoine.

| | Tairgthe | Fíoraithe |
|---|---|---|
| | €milliún | €milliún |
| Comhaontú slánaíochta 2002 | 128.00 | 124.94 |
| Tairiscintí deonacha 2009 | 352.61[a] | 120.30 |
| Iomlán | **480.61** | **245.24** |

Nóta [a] Is é €352.61 milliún an luacháil a cheap na cuallachtaí.

### An méid iomlán atá amuigh ó chuallachtaí reiligiúnacha

Tá gach airgead tirim a tairgeadh faoi chomhaontú slánaíochta 2002, arbh fhiú €65 milliún é, faighte anois. Tá dhá réadmhaoin le haistriú fós ina n-iomláine faoi théarmaí an chomhaontaithe.

Faoi dheireadh 2023, bhí ranníocaíochtaí airgid deonacha a tairgeadh in 2009 nó i mblianta dá éis, ar fiú €111.48 milliún iad, faighte. Áiríodh leis seo ranníocaíocht bhreise €1 milliún i leith fhorbairt Ospidéal Náisiúnta na Leanaí mar a fhoráiltear in Alt 43 den Acht um Chiste Reachtúil na nInstitiúidí Cónaithe 2012. Is féidir go bhfaighfear ranníocaíochtaí eile freisin, a eascróidh as diúscairt réadmhaoine áirithe nár glacadh leo lena n-aistriú chuig an Stát, ach níl na méideanna atá i gceist ar eolas go fóill.

Tá 17 réadmhaoin a tairgeadh go deonach in 2009 aistrithe ina n-iomláine agus tá dul chun cinn nach beag déanta maidir le trí réadmhaoin eile. Tá an Roinn ag plé i gcónaí le Cuallacht na mBráithre Críostaí chun a dtairiscint a chur chun cinn, rud a bhain le socrú maidir le roinnt páirceanna imeartha.

Ní dócha go mbainfear amach luach 2009 iomlán na dtairiscintí deonacha de bhrí nár glacadh le tairiscintí áirithe agus go raibh luach na réadmhaoin a aistríodh nó a diúscraíodh níos ísle i bhformhór na gcásanna ná an luach a chuir na cuallachtaí orthu. Is féidir go n-athróidh sé seo de réir mar a thugtar na haistrithe réadmhaoine eile chun críche.

### Gealltanais iomlána sa todhchaí

Meastar go ndúnfar an Bord Sásamh agus an Coimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú sa chéad tréimhse eile. meastar go mbeidh €2 mhilliún de chaiteachas breise i gceist.

Foráladh sa reachtaíocht lenar bunaíodh an Coimisiún um Dhrochúsáid Leanaí a Fhiosrú agus an Bord Sásamh d’Institiúidí Cónaithe do thaifid na ndaoine aonair a choimeád faoi rún agus a scrios tráth scor na bhforas. Mar sin féin, chinn an Rialtas dá éis go bhféadfadh tábhacht stairiúil chomh mór sin a bheith leis na taifid gur chóir iad a choimeád agus a shéalú sa Chartlann Náisiúnta. Dá thoradh, ní féidir na forais Sásaimh a scor go dtí go mbeidh staid dheireanach na dtaifead sin a réiteach. I mí Dheireadh Fómhair 2020, d’fhógair an Rialtas go mbunófaí Lárionad Náisiúnta Taighde agus Cuimhneacháin, a mbronnfair air an fhreagracht as taifid a bhaineann le mí-úsáid institiúideach, agus tá todhchaí thaifid na gcomhlachtaí sásaimh á meas sa chomhthéacs sin.

### Cuntas speisialta a bunaíodh faoi Alt 43 den Acht RISF 2012

Foráiltear in alt 43 d’Acht 2012 i gcás ranníocaíochtaí ó chuallachtaí a sháraíonn an teorainn €110 milliún atá leagtha síos in alt 29 den Acht go gcuirfear iad i gcuntas speisialta in ainm an Aire Sláinte lena n-úsáid do chuspoirí a bhaineann le forbairt an ospidéil nua náisiúnta péidiatrice. Is é €1.479 milliún an t-iomlán atá taiscthe sa chuntas go dtí seo.

## 6.2 Costais cúitimh agus costais dlí

**6.2 (A) Íocaíochtaí/costais a tabhaíodh i gcaitheamh na bliana**

| | Éilimh ó | | Iomlán | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | Fostaithe | Baill den Phobal | 2023 | 2022 |
| **Líon na gcásanna [a]** | — | 143 | 143 | 186 |
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Costais dlí na Roinne féin | — | 582 | 582 | 1,686 |
| Cúiteamh | — | 3,990 | 3,990 | 4,618 |
| Costais dlí | — | 1,400 | 1,400 | 1,245 |
| Costais eile | — | 706 | 706 | 754 |
| **2023 Iomlán** | — | **6,678** | **6,678** | **8,303** |
| **2022 Iomlán** | — | **8,303** | **8,303** | |

**6.2 (B) Costais charnacha na gcásanna a críochnaíodh in 2023**

| | Éilimh ó | | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | Fostaithe | Baill den Phobal | 2023 |
| **Líon na gcásanna [a]** | | | |
| | €000 | €000 | €000 |
| Costais dlí na Roinne féin | — | 307 | 307 |
| Cúiteamh | — | 2,997 | 2,997 |
| Costais dlí | — | 1,120 | 1,120 |
| Costais eile | — | — | — |
| **Iomlán** | — | **4,424** | **4,424** |

Nóta [a] Bhí 201 éileamh gan íoc ag 31 Nollaig 2023

## 6.3 Calaois agus calaois amhrasta

I rith 2023, níor aithníodh aon chásanna calaoise nó calaoise amhrasta laistigh den Roinn. Ina theannta sin, níor aithníodh aon chásanna a bhí ábhartha ó nádúr nó a raibh leas suntasach poiblí ag baint leo in aon ghníomhaireachtaí faoi shainchúram na Roinne.

## 6.4 Eadráin agus idir-réiteach

I rith 2023, íocadh táillí idir-réitigh arbh fhiú €6,000,884 iad i leith aon chás déag, lenar áiríodh íocaíochtaí le conraitheoirí agus daoine eile chun costais as imeachtaí eadrána agus idir-réitigh a chlúdach. Ba é €11,898 an costas iomlán ar thrí chás in 2022.

## 6.5 Cistiú AE

Tá fáltais i ndáil le cistiú AE a fuarthas le linn 2023 agus a cuireadh i dtaisce i leithreasaí i gcabhair sonraithe sa tábla thíos:

| **Catagóir chistithe AE** | **2023** | **2022** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| B2.3 Tionscadail oideachais CE | 454 | 325 |
| B2.3 Aisíocaíocht ilghnéitheach Chlár PEACE IV | 989 | 1,163 |
| | **1,443** | **1,488** |

**Tionscadail oideachais an Choimisiúin Eorpaigh**

Ba iad fáltais in 2023 faoi thionscadail oideachais an Choimisiúín Eorpaigh

- Ranníocaíocht airgeadais i leith leanaí oifigigh an AE in Oifig Bia agus Tréidliachta AE in aice láimhe a fhreastalaíonn ar an Ionad um Oideachas Eorpach, Dún Seachlainn, Co. na Mí.
- Maoiniú deontais faighte faoi ghlao Eurydice 2023-2025 ón nGníomhaireacht Feidhmiúcháin Oideachais, Closamhairc agus Cultúir (E.A.C.E.A) maidir le rannpháirtíocht na hÉireann i Líonra Eurydice CE.

**Aisiocaíocht Chlár PEACE IV**

Bhain fáltais a fuarthas in 2023 le caiteachas a tabhaíodh mar chuid de chlár PEACE IV Íocann Éire 21% (ERDF + Meaitseáil) de na clárchostais iomlána, agus íocann Feidhmeannacht Thuaisceart Éireann an chuid eile. Tá 85% de ranníocaíocht na hÉireann (ERDF) in-aisghafa ón gComhphobal Eorpach.

## 6.6 Díscríobhanna

Díscríobhadh na suimeanna seo a leanas sa bhliain:

| | **2023** | **2022** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Ró-íocaíochtaí párolla | 283 | 24 |
| | **283** | **24** |

## 6.7 Ús ar íocaíochtaí déanacha

| | **2023** | **2022** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Glan-ús iomlán íoctha | **3** | **8** |

## 6.8 Iontaobhais oideachais

Infheistíodh iontaobhais oideachais de €2.137 milliún san iomlán thar ceann na Roinne i gcomhchiste infheistíochta faoi mhaoirseacht an Rialtóra Carthanas ag deireadh 2023 (2022: €2.277 milliún). Is é an tAire Oideachais iontaobhaí na n-iontaobhas oideachais seo i gcónaí.

## Aguisín A Tionscadail chaipitil a bhfuil €10 nó níos mó de chaiteachas i gceist iontu

| | | Caiteachas carnach go dtí 31 Nollaig 2022 | Caiteachas in 2023 | Ceangaltais tionscadail i mblianta dá éis | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2023 | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2022 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Fo-mhírcheann A.15** | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1 | Iar-bhunscoileanna Mhá Nuad, Co. Chill Dara | 52,767 | 178 | 548 | 53,493 | 53,341 |
| 2 | Gaelcholaiste Charrig Uí Leighin, Carrig Uí Leighin, Co. Chorcaí | 39,008 | 4 | 890 | 39,902 | 39,867 |
| 3 | Foghlaim le Chéile Bhrí Mhór, Baile Brigín, Co. Bhaile Átha Cliath | 22,835 | — | 1,226 | 24,061 | 24,061 |
| 4 | Pobalcholáiste an Náis, Nás, Co. Chill Dara | 25,479 | 2 | 553 | 26,034 | 26,032 |
| 5 | Coláiste Chiaráin, Cromadh, Co. Luimnigh | 21,824 | 34 | 93 | 21,951 | 21,926 |
| 6 | Coláiste na Toirbhearta, Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe | 20,599 | — | 234 | 20,833 | 20,833 |
| 7 | Meánscoil le Chéile, Mhullach Eadrad, Baile Átha Cliath 15 | 20,001 | — | 201 | 20,202 | 20,202 |
| 8 | Scoil an Stíobhartaigh, Baile Phámar, Baile Átha Cliath 20 | 19,896 | 227 | 69 | 20,192 | 20,191 |
| 9 | Scoil Phádraig, Bohreen Hill, Inis Córthaidh, Contae Loch Garman | 18,769 | 235 | 437 | 19,441 | 19,438 |
| 10 | Scoil Naofa Oilbhéar Pluincéad, Mullach Íde, Co. Bhaile Átha Cliath | 17,926 | — | 149 | 18,075 | 18,074 |
| 11 | Pobalcholáiste Lusca, Lusca, Co. Bhaile Átha Cliatha | 17,623 | 237 | 82 | 17,942 | 17,942 |
| 12 | Colaiste Mhuire, an Cnoc Beag, Ceatharlach | 16,879 | 196 | 184 | 17,259 | 17,255 |
| 13 | Scoil Pharóiste Phort Laoise, Co. Laoise | 16,346 | — | 734 | 17,080 | 17,080 |

| | | Caiteachas carnach go dtí 31 Nollaig 2022 | Caiteachas in 2023 | Ceangaltais tionscadail i mblianta dá éis | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2023 | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2022 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Fo-mhírcheann A.15** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| 14 | Scoil Náisiúnta Foghlaim le Chéile Bhaile Chláir, Droim na Gaoithe, Baile Chláir, Co. na Gaillimhe | 15,349 | — | 61 | 15,410 | 15,410 |
| 15 | Gaelscoil na nDeise, Campas Charraig Phiarais, Port Láirge | 15,220 | 12 | 18 | 15,250 | 15,240 |
| 16 | Scoil Speisialta an Teaghlaigh Ró-Naofa, Muinchille, Co. an Chabháin | 15,203 | 837 | 912 | 16,952 | 16,161 |
| 17 | Coláiste Ghlór na Mara, Baile Brigín, Co. Bhaile Átha Cliath | 14,773 | — | 227 | 15,000 | 15,000 |
| 18 | Scoil Náisiúnta Buachaillí Naomh Columba, Dúghlas Thiar, Co. Chorcaí | 14,801 | 58 | 276 | 15,135 | 15,129 |
| 19 | Iar-bhunscoil Charraig Uí Leighin, Co. Chorcaí | 14,551 | — | 213 | 14,764 | 14,764 |
| 20 | Coláiste Sancta Maria, Ráth Fearnáin, Co. Bhaile Átha Cliath | 13,935 | 78 | 2,991 | 17,004 | 17,004 |
| 21 | Meánscoil Temple Carrig, Co. Chill Mhantáin | 12,855 | — | 391 | 13,246 | 13,246 |
| 22 | Foghlaim le Chéile Luimnigh, Mungairit, Luimneach | 12,503 | 28 | 221 | 12,752 | 12,707 |
| 23 | Coláiste Dháibhís, Mala, Co. Chorcaí | 12,439 | 36 | 322 | 12,797 | 12,761 |
| 24 | Gairmscoil an Inbhir Mhóir, Cill Mhantáin | 12,385 | 3 | 230 | 12,618 | 12,606 |
| 25 | Pobalcholáiste Chionn tSáile, Co. Chorcaí | 12,198 | — | 67 | 12,265 | 12,217 |
| 26 | Pobalcholáiste Chloch na Coillte, Cloch na Coillte, Co. Chorcaí | 11,983 | 4 | 80 | 12,067 | 12,067 |
| 27 | Gaelscoil Theach Giuise, Tamhlacht, BÁC 24 | 11,809 | — | 22 | 11,831 | 11,831 |
| 28 | Choláiste Thulach Mór, An Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí | 11,437 | — | 105 | 11,542 | 11,542 |
| 29 | Scoil Náisiúnta Shráid Mhichíl, Ros Mhic Thriúin, Co. Loch Garman | 11,065 | — | 408 | 11,473 | 11,473 |

| | | Caiteachas carnach go dtí 31 Nollaig 2022 | Caiteachas in 2023 | Ceangaltais tionscadail i mblianta dá éis | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2023 | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2022 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Fo-mhírcheann A.15** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| 30 | Scoil Náisiúnta Lusca, Lusca, Co. Bhaile Átha Cliath | 11,032 | 3 | 169 | 11,204 | 11,139 |
| 31 | Meánscoil Foghlaim le Chéile Bhaile an Phaoraigh, Baile Átha Cliath 15 | 10,895 | 21 | 148 | 11,064 | 11,043 |
| 32 | Meánscoil Naomh Pól, Mainistir Eibhín, Co. Chill Dara | 19,378 | 4,829 | 745 | 24,952 | 23,701 |
| 33 | Scoil Náisiúnta Bhríde, Cnoc Maí, Port Laoise, Co. Laoise | 9,951 | — | 152 | 10,103 | 10,103 |
| 34 | Pobalscoil Náisiúnta na gClocha Liath, Co. Chill Mhantáin [c] | 9,921 | 106 | 271 | 10,298 | 10,192 |
| 35 | Bunscoil Chlochar na Trócaire, an Nás, Co. Chill Dara [1] | 10,072 | 176 | 395 | 10,643 | 10,458 |
| 36 | Pobalcholáiste na hInse, Co. an Chláir | 11,418 | 248 | 327 | 11,993 | 11,754 |
| 37 | Meánscoil Mhuire, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo | 17,838 | 1,250 | 132 | 19,220 | 18,161 |
| 38 | Scoil Mhuire Sraith an Urláir, Co. Dhún na nGall | 10,202 | 163 | 146 | 10,511 | 10,421 |
| 39 | Coláiste, Ceann Toirc, Co. Cork ?? | 10,141 | 595 | 143 | 10,879 | 10,242 |
| 40 | Scoil Náisiúnta Naomh Lorcán Ó Tuathail | 10,252 | — | 173 | 10,425 | 10,390 |
| 41 | Coláiste Éamonn Rís, Baile an Chairpintéaraigh/Caisleán Cnucha, BÁC 15 | 29,724 | 913 | 504 | 31,141 | 30,442 |
| 42 | Ag Foghlaim le Chéile Bhaile Átha Cliath 7, Plás Fitzwilliam, Baile Átha Cliath 7 | 14,729 | 2,922 | 374 | 18,025 | 17,259 |
| 43 | Meánscoil an Teaghlaigh Ró-Naofa Naomh Daithí, Bóthar Kimberly, Na Clocha Liatha, Co. Chill Mhantáin | 14,990 | 4,247 | 170 | 19,407 | 17,750 |
| 44 | SCOIL MHUIRE GAN SMAL | 20,674 | 9,753 | 1,938 | 32,365 | 29,729 |
| 45 | ETSS Mhullach Íde & Phort Mearnóg, Co. BhÁC | 18,113 | 1,521 | 333 | 19,967 | 18,748 |

| | | Caiteachas carnach go dtí 31 Nollaig 2022 | Caiteachas in 2023 | Ceangaltais tionscadail i mblianta dá éis | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2023 | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2022 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Fo-mhírcheann A.15** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| 46 | Scoil Náisiúnta Conleth agus Mhuire, an Droichead Nua, Co. Chill Dara | 13,041 | 6,666 | 1,875 | 21,582 | 17,015 |
| 47 | Gaelcholaiste Chiarraí, Trá Lí | 17,016 | 2,446 | 364 | 19,826 | 19,272 |
| 48 | Sn Mhuire na Trócaire, An Chathair, Co. Thiobraid Árann | 9,699 | 354 | 166 | 10,219 | 10,089 |
| 49 | Scoil Náisiúnta Buachaillí Mhá Nuad, Má Nuad, Co. Chill Dara | 12,611 | 745 | 360 | 13,716 | 13,348 |
| 50 | Scoil Náisiúnta Phádraig, An Chorr Dhubh, Baile Átha Cliath 15 | 10,305 | 2,524 | 6,701 | 19,530 | 18,565 |
| 51 | Scoil Mhuire, Domhnach Broc, BÁC 4 | 12,460 | 1,533 | 67 | 14,060 | 12,930 |
| 52 | Pobalscoil Inis Díomain, Co. an Chláir | 15,770 | 8,654 | 7,558 | 31,982 | 30,999 |
| 53 | Foghlaim le Chéíle Dhúglas/Bhaile an Róistigh, Cnoc Carr, Co. Chorcaí | 19,394 | 2,320 | 869 | 22,583 | 20,409 |
| 54 | Ag Foghlaim le Chéile Bhaile an tSaoir, BÁC 16 | 17,274 | 4,068 | 509 | 21,851 | 19,969 |
| 55 | Scoil Phobail na hAbhann Móire, Lios Mór, Co. Phort Láirge | 11,311 | 6,521 | 607 | 18,439 | 17,913 |
| 56 | Ag Foghlaim le Chéile, Baile an Pheiléid, BÁC 15 | 10,572 | 5,379 | 112 | 16,063 | 14,629 |
| 57 | Gaelscoil Cnoc Liamha, Cnoc Lín, BÁC 16 | 12,039 | 1,953 | 64 | 14,056 | 12,812 |
| 58 | Ag Foghlaim le Chéile, Páirc na Silíní, An Naigín, Baile Átha Cliath 18 | 12,371 | 5,172 | 156 | 17,699 | 16,798 |
| 59 | Meán Scoil an Chlochair, Cill Bheagáin, Co. na hIarmhí | 11,558 | 8,187 | 3,412 | 23,157 | 22,712 |
| 60 | Gaelcholáiste Luimnigh, Meal Sior Anraí, Luimneach | 8,392 | 15,161 | 2,655 | 26,208 | 23,894 |
| 61 | Scoil an Athar Tadhg, Contae Chorcaí Thoir, Co. Chorcaí | 4,934 | 6,074 | 317 | 11,325 | 11,036 |

| | | Caiteachas carnach go dtí 31 Nollaig 2022 | Caiteachas in 2023 | Ceangaltais tionscadail i mblianta dá éis | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2023 | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2022 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Fo-mhírcheann A.15** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| 62 | Scoil Náisiúnta Buachaillí Phádraig, Claonadh, Co. Chill Dara | 7,898 | 5,532 | 3,665 | 17,095 | 16,623 |
| 63 | Scoil Speisialta na nAingeal Beag, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall | 3,815 | 5,475 | 7,799 | 17,089 | 16,732 |
| 64 | Scoil Mhichil Naofa, Áth Í, Co. Chill Dara | 5,140 | 5,657 | 3,878 | 14,675 | 14,477 |
| 65 | Iarbhunscoil an Toir, Dún Dealgan, Co. Lú | 3,453 | 3,216 | 5,155 | 11,824 | 11,557 |
| 66 | Pobalcholáiste Mhungairit, Co. Luimnigh | 5,933 | 14,900 | 13,997 | 34,830 | 34,241 |
| 67 | Scoil Mhuire Naofa, Carraig Thuathail, Co. Chorcaí | 7,199 | 21,169 | 306 | 28,674 | 28,228 |
| 68 | Scoil Chliodhna CNS, Carraig Thuathail, Co. Chorcaí | 8,690 | 15,905 | 1,503 | 26,098 | 24,212 |
| 69 | Scoil Náisiúnta Foghlaim le Chéile Lár Dheisceart na Cathrach, Ardán Fhearchair, BÁC 2 | 922 | 8,964 | 9,134 | 19,020 | 17,349 |
| 70 | Scoil Náisiúnta Foghlaim le Chéile Dhomhnach Míde BAC 13 Bunscoil - ETNS Steach Phóilín, Co. BhÁC | 4,370 | 10,159 | 467 | 14,996 | 14,830 |
| 71 | ETSS na Céime BÁC 16 | 8,311 | 18,763 | 3,104 | 30,178 | 28,407 |
| 72 | Meánscoil Fhoghlaim le Chéile Luimnigh, Luimneach | 11,199 | 27,081 | 935 | 39,215 | 36,659 |
| 73 | Meánscoil Fhoghlaim le Chéile Bhéal Maighin, Co. Bhaile Átha Cliath | 5,005 | 17,800 | 14,731 | 37,536 | 36,731 |
| 74 | Coláiste na Mí, Céim 2 agus Tionscadal Campais le Scoil Speisialta Naomh Muire, Co. na Mí | 4,715 | 16,107 | 20,191 | 41,013 | 40,013 |
| 75 | Pobalcholáiste Charraig Thuathail, Co. Chorcaí | 14,356 | 35,199 | 2,567 | 52,122 | 48,356 |
| 76 | Pobalscoil an Chorráin, Cathair Luimnigh | 2,670 | 10,164 | 2,602 | 15,436 | 14,874 |

| | | Caiteachas carnach go dtí 31 Nollaig 2022 | Caiteachas in 2023 | Ceangaltais tionscadail i mblianta dá éis | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2023 | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2022 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Fo-mhírcheann A.15** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| 77 | Bunscoil Naomh Séadna, Inis Córthaidh, Co. Loch Garman | 3,208 | 4,917 | 6,080 | 14,205 | 13,843 |
| 78 | Clochar Mhinistir Eimhín, Mainistir Eimhín, Co. Chill Dara | 1,622 | 1,633 | 8,314 | 11,569 | 11,575 |
| 79 | Coláiste Naomh Iosaef, Leamhcán, Co. BhÁC | 1,479 | 8,943 | 8,907 | 19,329 | 18,390 |
| 80 | Coláiste Waterpark, Bóthar an Bhaile Nua, Port Láirge | 1,663 | 5,381 | 8,794 | 15,838 | 15,732 |
| 81 | Pobalscoil Rosmini, Droim Conrach, BÁC 9 | 1,315 | 8,335 | 11,223 | 20,873 | 20,453 |
| 82 | Scoil an Spioraid Naomh, Baile an Bhiataigh, Co. na Mí | 5,969 | 11,183 | 636 | 17,788 | 17,527 |
| 83 | Acadamh na Patrician Academy, Mala, Co. Chorcaí | 5,521 | 9,172 | 1,507 | 16,200 | 15,079 |
| 84 | Coláiste Uí Chearbhalláin, An Obair, Co. na Mí | 245 | 7,232 | 21,944 | 29,421 | — |
| 85 | Meánscoil Mhuire, An Muileann gCearr, Co. na hIarmhí [b] | 436 | 1,461 | 16,413 | 18,310 | — |
| 86 | Meánscoi Naomh Marc, Droichead Nua, Co. Chill Dara [a,b] | 480 | 917 | 19,155 | 20,552 | — |
| 87 | Scoil Náisiúnta Naomh Canice [a] | 554 | 2,587 | 26,807 | 29,948 | — |
| 88 | Gaescoil Charriag na Siuire, Co. Thiobraid Árann[a,b] | 482 | 1,045 | 14,222 | 15,749 | — |
| 89 | Scoil Bhráithre Críostaí Chill Chainnigh, Co. Chill Chainnigh [a,b] | 1,303 | 4,675 | 50,889 | 56,867 | — |
| 90 | Meánscoile na Toirbhirte | 1,013 | 2,930 | 39,963 | 43,906 | — |
| 91 | Coláiste Naomh Finian, an Muileann gCearr [a,b] | 1,429 | 2,764 | 75,953 | 80,146 | — |
| 92 | Bun an Phobail [a,b] | 754 | 2,413 | 16,075 | 19,242 | — |
| 93 | Coláiste De Lacy, Cill Dhéagláin [a,b] | 18,243 | 18 | 275 | 18,536 | — |

| | | Caiteachas carnach go dtí 31 Nollaig 2022 | Caiteachas in 2023 | Ceangaltais tionscadail i mblianta dá éis | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2023 | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2022 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 94 | Scoil Náisiúnta Naomh Clár [b] | 3,447 | 4,037 | 2,770 | 10,254 | — |
| 95 | Bunscoil Foghlaim le Chéile an Rois & Lusca, Bóthar an Rátha Mhóir, Lusc [b] | 4,074 | 5,043 | 921 | 10,038 | — |
| 96 | Clochar na Trócaire [a] | 373 | 564 | 10,461 | 11,398 | — |
| 97 | Scoil Speisialta Setanta, Páirc na Feá, Stigh Lorgan, Co. BhÁC [a,b] | 1,109 | 2,892 | 12,915 | 16,916 | — |
| 98 | Bunscoil Coláiste Mhuire, 4 Cearnóg Pharnell [a,b] | 775 | 2,072 | 11,718 | 14,565 | — |
| | Iomlán | **1,099,705** | **412,978** | **499,832** | **2,012,515** | **1,565,209** |

Nóta [a] Rinneadh gealltanais chonarthacha maidir le tionscadail in 2023 i gcás 14 scoil nua.

[b] Athshonraíodh an caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2022 agus an caiteachas iomlán ionchasach caiteachas saoil 2022 go príomha mar gheall ar an méid seo a leanas:

- dhá cheann déag de thionscadail scoile nua ar síníodh an conradh maidir leo in 2023 agus tá caiteachas roimh 2023 curtha san áireamh anois
- dhá thionscadal a shroich an tairseach €10 milliún in 2023 agus atá curtha san áireamh anois
- tionscadal amháin ar síníodh an conradh maidir leis in 2022 agus nár cuireadh san áireamh mar thionsc adal nua in 2022, tá sé curtha san áireamh anois
- naoi dtionscadal a baineadh in 2023 de bhrí go raibh an ceangaltas iomlán a bhí fós amuigh faoi bhun €10,000

[c] Níl san áireamh sna figiúirí ach caiteachas atá geallta don tionscadal agus ní aon ghealltanais amach anseo a d'fhéadfadh teacht chun cinn ó chomhaontuithe conartha a rinneadh ina dhiaidh sin chun an tionscadal tógála scoile a chríochnú.

**Éagsúlú súntasacha - Fo-mhírcheann A.15**

Tugtar míniú thíos áit ar mhéadaigh/laghdaigh an caiteachas iomlán réamh-mheasta de bhreis is €500,000 ó 2022 go 2023.

**16 Scoil Speisialta an Teaghlaigh Naofa**

Mar gheall ar orduithe athraithe maidir le hoibreacha breise meicniúla agus leictreacha agus ábhair thógála go príomha a tharla an méadú €791,000 ar cheangaltais.

**32 Meánscoil Naomh Pól, Mainistir Eibhín**

Mar gheall ar chostais a tabhaíodh i ndáil le táillí seirbhíse agus fóntais agus orduithe athraithe maidir le hoibreacha breise meicniúla agus leictreacha agus athruithe ábhartha a tharla an méadú €1.251 milliún ar cheangaltais.

**37 Meánscoil Naomh Muire, Béal an Átha**

Mar gheall ar orduithe athraithe riachtanacha le haghaidh athruithe ábhartha, oibreacha breise meicniúla agus leictreacha agus méadú ar tháillí foirne dearaidh a tharla an méadú €1.059 milliún ar cheangaltais.

**39 Coláiste, Ceann Toirc, Co. Cork**

Le costais an Chreat-chomhaontaithe Comhairle um Boilsciú/Moill sa Slabhra Soláthair mar a cinneadh faoi threoir na hOifige um Sholáthar Rialtais, agus moilleanna ar chríochnú blocobaire mar gheall ar shrianta Covid go príomha a bhain an méadú €637,000 ar cheangaltais.

**41 Coláiste Éamonn Rís, Baile an Chairpintéaraigh/Caisleán Cnucha, BÁC 15**

Le costais an Chreat-chomhaontaithe Comhairle um Boilsciú/Moill sa Slabhra Soláthair mar a cinneadh faoi threoir na hOifige um Sholáthar Rialtais go príomha a bhain an méadú €699,000 ar cheangaltais.

**42 Scoil Náisiúnta Foghlaim le Chéile BÁC 7**

Le costais an Chreat-chomhaontaithe Comhairle um Boilsciú/Moill sa Slabhra Soláthair mar a cinneadh faoi threoir na hOifige um Sholáthar Rialtais go príomha a bhain an méadú €766,000 ar cheangaltais.

**43 Scoil Dhaithí, Na Clocha Liatha, Co. Chill Mhantáin**

Le hordaithe athraithe le haghaidh oibreacha breise dín, cóiríocht mhodúlach a bhaint agus costais an Chreat-chomhaontaithe Comhairle um Boilsciú/Moill sa Slabhra Soláthair mar a cinneadh faoi threoir na hOifige um Sholáthar Rialtais go príomha a bhain an méadú €1.657 milliún ar cheangaltais.

**44 Scoil Mhuire Gan Smál**

Le costais an Chreat-chomhaontaithe Comhairle um Boilsciú/Moill sa Slabhra Soláthair mar a cinneadh faoi threoir na hOifige um Sholáthar Rialtais agus orduithe athraithe maidir le dálaí talún gan choinne, cóiríocht le haghaidh soláthar d'oideachas speisialta a chur leis, agus oibreacha breise meicniúla agus leictreacha a bhain an méadú €2.636 milliún ar cheangaltais.

**45 ETSS Mhullach Íde agus Phort Mearnóg**

Le costais an Chreat-chomhaontaithe Comhairle um Boilsciú/Moill sa Slabhra Soláthair mar a cinneadh faoi threoir na hOifige um Sholáthar Rialtais go príomha a bhain an méadú €1.219 milliún ar cheangaltais.

**46 Scoil Náisiúnta Conleth agus Mhuire, an Droichead Nua, Co. Chill Dara**

Le horduithe athraithe le haghaidh seomraí ranga breise le haghaidh soláthar d'oideachas speisialta, oibreacha breise ar scoil na naíonán ags costais an Chreat-chomhaontaithe Comhairle um Boilsciú/Moill sa Slabhra Soláthair mar a cinneadh faoi threoir na hOifige um Sholáthar Rialtais go príomha a bhain an méadú €4.567 milliún ar cheangaltais.

**47 Gaelcholáiste Chiarraí, Trá Lí**

Le horduithe athraithe le haghaidh oibreacha breise leictreacha agus meicniúla go príomha a bhain an méadú €554,000 ar cheangaltais.

**50 Scoil Náisiúnta Phádraig, An Chorr Dhubh, Baile Átha Cliath 15**

Le méadú ar tháille na foirne dearaidh tar éis conraitheoir nua a bheith ceaptha go príomha a bhain an méadú €965,000 ar cheangaltais.

**51 Scoil Mhuire, Domhnach Broc, BÁC 4**

Le costais an Chreat-chomhaontaithe Comhairle um Boilsciú/Moill sa Slabhra Soláthair mar a cinneadh faoi threoir na hOifige um Sholáthar Rialtais chomh maith le horduithe athraithe maidir le tiontú seomraí ranga agus oibreacha coimhdeacha go príomha a bhain an méadú €1.13 milliún ar cheangaltais.

**52 Pobalscoil Inis Díomain, Co. an Chláir**

Le horduithe athraithe maidir le rochtain ar an suíomh, oibreacha breise meicniúla agus leictreacha agus táillí breise na foirne dearaidh go príomha a bhain an méadú €983,000 ar cheangaltais.

**53 Foghlaim le Chéile Dhúglas/Bhaile an Róistigh, Cnoc Carr, Co. Chorcaí**

Le costais an Chreat-chomhaontaithe Comhairle um Boilsciú/Moill sa Slabhra Soláthair mar a cinneadh faoi threoir na hOifige um Sholáthar Rialtais chomh maith le horduithe athraithe maidir le hithir a bhaine, droichead coisithe a thógáil mar aon le seomraí inmheánacha a athshuíomh go príomha a bhain an méadú €2.174 milliún ar cheangaltais.

**54 Ag Foghlaim le Chéile Bhaile an tSaoir, BÁC 16**

Le costais an Chreat-chomhaontaithe Comhairle um Boilsciú/Moill sa Slabhra Soláthair mar a cinneadh faoi threoir na hOifige um Sholáthar Rialtais chomh maith le horduithe athraithe maidir le hoibreacha seachtracha ar an gcarrchlós, an bóthar rochtana agus méadú ar mhéid na bhfuinneog go príomha a bhain an méadú €1.882 milliún ar cheangaltais.

**55 Scoil Phobail na hAbhann Móire, Lios Mór, Co. Phort Láirge**

Le costais an Chreat-chomhaontaithe Comhairle um Boilsciú/Moill sa Slabhra Soláthair mar a cinneadh faoi threoir na hOifige um Sholáthar Rialtais go príomha a bhain an méadú €526,000 ar cheangaltais.

**56 Ag Foghlaim le Chéile, Baile an Pheiléid, BÁC 15**

Le horduithe athraithe maidir le tailte a athchur tar éis cóiríocht eatramhach a bhaith bainte, go príomha, a bhain an méadú €1.434 milliún ar cheangaltais. Tharla ceangaltais bhreis maidir leis an gChreat-chomhaontú Boilscithe/Moill ar Shlabhra an tSoláthair mar a cinneadh faoi threoir na hOifige um Sholáthar Rialtais.

**57 Gaelscoil Cnoc Liamha, Cnoc Lín, BÁC 16**

Le costais an Chreat-chomhaontaithe Comhairle um Boilsciú/Moill sa Slabhra Soláthair mar a cinneadh faoi threoir na hOifige um Sholáthar Rialtais go príomha a bhain an méadú €1.244 milliún ar cheangaltais.

**58 Ag Foghlaim le Chéile, Páirc na Silíní, An Naigín, Baile Átha Cliath 18**

Le costais an Chreat-chomhaontaithe Comhairle um Boilsciú/Moill sa Slabhra Soláthair mar a cinneadh faoi threoir na hOifige um Sholáthar Rialtais chomh maith le horduithe athraithe maidir le draenáil agus oibreacha cosáin go príomha a bhain an méadú €901,000 ar cheangaltais.

**60 Gaelcholaiste Luimnigh, Co. Luimneach**

Le costais an Chreat-chomhaontaithe Comhairle um Boilsciú/Moill sa Slabhra Soláthair mar a cinneadh faoi threoir na hOifige um Sholáthar Rialtais mar aon le horduithe athraithe riachtanacha maidir le míreanna éagsúla ar nós seirbhísí uisce agus draenáil go príomha a bhain an méadú €2.314 ar cheangaltais.

**66 Pobalcholáiste Mhungairit, Co. Luimnigh**

Le costais an Chreat-chomhaontaithe Comhairle um Boilsciú/Moill sa Slabhra Soláthair mar a cinneadh faoi threoir na hOifige um Sholáthar Rialtais agus le horduithe athraithe maidir le hoibreacha breise talún go príomha a bhain an méadú €589,000 ar cheangaltais.

**68 Scoil Chliodhna CNS, Carraig Thuathail, Co. Chorcaí**

Le costais ex-gratia Covid mar a cinneadh faoi treoir na hOifige um Sholáthar Rialtais go príomha a bhain an méadú €1.886 milliún ar cheangaltais. Rinneadh orduithe athraithe chomh maith maidir le hathruithe ar spás chun slí a dhéanamh do sholáthar d'oideachas speisialta.

**69 Scoil Náisiúnta Foghlaim le Chéile Lár Dheisceart na Cathrach, Ardán Fhearchair, BÁC 2**

Le fadhbanna gan choinne maidir le teacht ar aispeist agus í a dhiúscairt, agus fadhbanna maidir le cead slí go príomha a bhain an méadú €1.671 milliún ar cheangaltais. Rinneadh socrúchán réitigh maidir le héilliú na talún/ceist na haispéiste agus an fhadhb rochtana.

**71 ETSS na Céime BÁC 16**

Bhain an méadú €1.771 ar cheangaltais go príomha le horduithe um athrú maidir le cóiríocht eatramhach.

**72 Meánscoil Fhoghlaim le Chéile Luimnigh, Luimneach**

Le costais ex-gratia Covid mar a cinneadh faoi treoir na hOifige um Sholáthar Rialtais go príomha a bhain an méadú €2.556 milliún ar cheangaltais.

**73 Meánscoil Fhoghlaim le Chéile Bhéal Maighin, Co. Bhaile Átha Cliath**

Táillí seirbhíse agus fóntas, go príomha, ba chúis leis an méadú €805,000 ar cheangaltais.

**74 Coláiste na Mí, Céim 2 agus Tionscadal Campais le Scoil Speisialta Naomh Muire, Co. na Mí**

Le horduithe athraithe le haghaidh seomraí ranga breise ceadaithe do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, spásanna breise cannpháirceála agus seomra ranga breise a sholáthar iar-chonradh go príomha a bhain an méadú €1 milliún ar cheangaltais.

**75 Pobalcholáiste Charraig Thuathail, Co. Chorcaí**

Le costais ex-gratia Covid mar a cinneadh faoi treoir na hOifige um Sholáthar Rialtais go príomha a bhain an méadú €3.766 milliún ar cheangaltais. Rinneadh orduithe athraithe chomh maith maidir le ceithre sheomra ranga breise a thógáil chun soláthar a dhéanamh d'oideachas speisialta mar aon le seomraí ranga a athshuí.

**76 Pobalscoil an Chorráin, Cathair Luimnigh**

Le horduithe athraithe maidir le costais bhreise a tabhaíodh don scoil scinceála agus d'oibreacha suímh gan choinne go príomha a bhain an méadú €562,000 ar cheangaltais.

**79 Coláiste Naomh Iósaf, Leamhcán, Co. BhÁC**

Le seirbhísí breise agus muirir fóntais agus táillí breise don fhoireann dearaidh, go príomha, a bhain an méadú €939,000 ar cheangaltais.

**83 Patrician Academy, Mala, Co. Chorcaí**

Le costais ex-gratia Covid mar a cinneadh faoi treoir na hOifige um Sholáthar Rialtais go príomha a bhain an méadú €1.121 milliún ar cheangaltais. Rinneadh orduithe athraithe, leis, le haghaidh oibreacha breise suímh maidir le humair chomhrac dóiteáin ar an suíomh.

**95 Bunscoil Foghlaim le Chéile an Rois & Lusca, Bóthar an Rátha Mhóir, Lusc, Co. BÁC**

Le chostais Chreat-chomhaontaithe Comhair um Moill sa Slabhra Soláthair/Boilsciú mar a cinneadh faoi threoir na hOifige um Sholáthar Rialtais agus táillí breise na Foirne Dearaidh, go príomha, a bhain an méadú €534,000 ar cheangaltais.

## Aguisín B Nóta Eolais ar Thionscadail Chomhpháirtíochtaí Poiblí Príobháideacha (CPPanna)

Ag deireadh 2023, bhí sé chonradh ag an Roinn chun cóiríocht oideachais a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú, a chothabháil agus a oibriú, faoi shamhail na Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí (CPP). Socruithe struchtúrtha is ea CPPanna idir comhlachtaí earnála poiblí agus infheisteoirí earnála príobháidí ar mhaithe le tionscadail bonneagair a sholáthar a chuirfí ar fáil, murach iad, trí mheicníochtaí traidisiúnta soláthair agus an caiteachas gaolmhar tógála le híoc roimh ré. Íocann an Roinn na costais i bhfoirm Muirear Aonadach míosúil scaipthe thar 25 bliain. Bíonn an chéad Muirear Aonadach iníoctha a luaithe a bhíonn an tógáil críochnaithe.

Go dtí seo, ba é an tairgeoir roghnaithe a rinne tionscadail CPP oideachais a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú agus a chothabháil.

**Cúig Threoirscoil CPP**

Tá na cúig iar-bhunscoil atá sa bheartán Treoirscoileanna CPP suite i nDún Mánmhaí agus i mBaile an Chollaigh, Co. Chorcaí; Tobar an Choire, Co. Shligigh; Cluain Eois, Co. Mhuineacháin agus i Sionainn, Co. an Chláir. Rinneadh an conradh i leith CPP Cúig Threoirscoil a shíniú le Jarvis Projects Ltd i Samhain 2001. Thosaigh tréimhse oibriúcháin na scoileanna in Eanáir 2003.

**An Chéad Bheartán Scoileanna CPP**

Is i Márta 2009 a síníodh conradh le Maquarie Partnerships for Ireland chun na ceithre iar-bhunscoil i bPort Laoise, Contae Laoise (dhá scoil), i mBeannchar agus ar an bhFéar Bán (an dá cheann i gContae Uíbh Fhailí) a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú agus a oibriú. Thosaigh gach ceann de na ceithre scoil seo ag feidhmiú i Meán Fómhair 2010.

**An Dara Beartán Scoileanna CPP**

Is i Meitheamh 2010 a síníodh conradh le Maquarie Partnerships for Ireland chun cúig iar-bhunscoil agus bunscoil amháin a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú agus a oibriú i gCill Mhantáin, Co. Chill Mhantáin; i mBaile Átha Buí, Co. na Mí; i gCill Dara, Co. Chill Dara; i Mainistir na Féile, Co. Luimnigh agus i mBeanntraí, Co. Chorcaí (dhá scoil) Thosaigh gach ceann de na scoileanna seo ag feidhmiú idir Márta agus Bealtaine 2011.

**An Tríú Beartán Scoileanna CPP**

Seacht n-iar-bhunscoil agus bunscoil amháin atá sa Tríú Beartán Scoileanna CPP Tá siad suite i mBéal an Átha Móir, Co. Liatroma; i Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall; i nGuaire, Co. Loch Garman; i nDabhach Uisce, Co. na Gaillimhe (2 scoil); i nDún, Co. Luimnigh; i dTrá Mhór, Co. Phort Láirge; agus i mBaile Átha Luain, Co. na hIarmhí. Is i Samhain 2012 a síníodh conradh le BAM PPP PGGM Infrastructure Cooperative UA chun na scoileanna a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú, a oibriú agus a chothabháil. Thosaigh gach ceann den ocht scoil seo ag feidhmiú idir Samhain 2013 agus Bealtaine 2014.

**An Ceathrú Beartán Scoileanna CPP**

Ceithre iar-bhunscoil atá sa Cheathrú Beartán Scoileanna CPP. Tá siad suite i dTulla, Co. an Chláir; i Sciobairín, Co. Chorcaí; i nDún Dealgan, Co. Lú agus i gCarraig na Siúire, Co. Thiobraid Árann. Is i Nollaig 2014 a síníodh conradh le CPP BAM chun ceithre iar-bhunscoil a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú, a oibriú agus a chothabháil. Thosaigh gach ceann de na scoileanna seo ag feidhmiú idir Márta agus Bealtaine 2016.

**An Cúigiú Beartán Scoileanna CPP**

Tá ceithre iar-bhunscoil, bunscoil amháin agus coláiste breisoideachais amháin sa 5ú Beartán CPP. Tá siad suite i gCeatharlach (1 scoil agus 1 Coláiste Breisoideachais); Ceanannas, Co. na Mí, Bré, Co. Chill Mhantáin (dhá scoil) agus Loch Garman. In Iúil 2016, síníodh conradh le Inspired Spaces Bundle 5 (Ireland) Ltd. chun na scoileanna a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú agus a chothabháil. Cuireadh tús feidhme leis an tseirbhís in dhá scoil i mBré agus i gceann amháin i Loch Garman in 2018. Cuireadh tús leis an tseirbhís sa scoil i gCeanannas i Meitheamh 2019, bhain an scoil eile a bhí fágtha agus an IFE i gCeatharlach tús seirbhíse amach i mí Iúil agus i Lúnasa 2019 faoi seach.

## Aguisín C Cistiú díreach ó Vóta 26 chuig boird oideachais agus oiliúna (de réir fó-mhírchinn)

Tugann an tábla a leanas liosta den chistiú díreach chuig boird oideachais agus oiliúna (BOO) i rith 2023 de réir fo-mhírchinn agus suimeanna comparáideacha do 2022.

| | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|
| | | **Méid an chistiú do BOO** | **Méid an chistiú do BOO** |
| | | **€000** | **€000** |
| **Clár A - Oideachas Chéad leibhéil, dara leibhéal agus luathbhlianta** | | | |
| A.3 | Tuarastail, pá agus liúntais (lena n-áirítear íocaíochtaí teagmhasacha) chuig bunmhúinteoirí | 2,104 | 654 |
| A.5 | Deontais do bhoird oideachais agus oiliúna i ndáil le tuarastail múinteoirí BOO | 787,496 | 738,719 |
| A.6 | Tuarastail, pá agus liúntais (íocaíochtaí teagmhasacha san áireamh) cúntóirí riachtanas speisialta i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna | 61,572 | 55,080 |
| A.7 | Tuarastail, pá agus liúntais (íocaíochtaí teagmhasacha san áireamh) ball foirne neamhtheagaisc i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna (gan cúntóirí riachtanas speisialta a chur san áireamh) | 82,038 | 78,151 |
| A.9 | Seirbhísí iompair scoile | 1,562 | 1,762 |
| A.10 | Deontais (lena n-áirítear caipitlíocht) iníoctha le bunscoileanna agus le hiar-bhunscoileanna, le BOOnna agus le heagraíochtaí agus institiúidí oideachais eile | 100,976 | 116,010 |
| A.11 | Deontais d'fhorais oideachais a oibríonn in earnálacha an bhunoideachais agus an iar-bhunoideachais | 755 | 704 |
| A.12 | Oideachas múinteoirí | 2,149 | 2,062 |
| A.14 | Deontais agus seirbhísí ilghnéitheacha | 3,739 | 5,405 |
| A.15 | Bonneagar bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna | 212,570 | 168,752 |
| A.16 | Costais chomhpháirtíochtaí poiblí príobháideacha | — | 5 |
| **Móriomlán deontais íoctha le BOOnna** | | **1,254,962** | **1,167,304** |